# Splanc

## Caibidil 3

2022-2023



Gael Linn

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Cúinne na Gramadaí

## An tUrú

Cuirtear urú **roimh thúslitir** an fhocail. Féach ar na táblai thíos. Tá an t-urú faoi chló trom i ngach cás!




**Ag tosú ar ghuta:**

| |
|---|
| a, o, u, e, i → **n**-a, n-o, **n**-u, n-e, **n**-i |

**Ag tosú ar chonsan:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| b | → **m**b | f | → **bh**f |
| c | → **g**c | p | → **b**p |
| d | → **n**d | t | → **d**t |

**Úsáidtear an t-urú sna cásanna seo a leanas:**

1 **Tar éis an réamhfhocail *i*:**

*Tá Eoghan **i d**triodblóid le Síle.*
*Tá na bróga nua **i m**bosca Haider.*
*Chaith mé an deireadh seachtaine **i m**Baile Átha Cliath.*

2 **Leis na bunuimhreacha 7, 8, 9, 10:**

*Tá seacht **n**doras fágtha ar oscailt.*
*Tá naoi **g**capall ar an tsráid.*
*Tá ocht **b**peann sa chófra.*

3 **Leis an aidiacht shealbhach san uimhir iolra:**

An bhfaca tú **ár n**-athair?
Chaitheamar **ár g**clocha leo!
Is breá liom **a m**bróga.

4 **San fhoirm cheisteach aimsir ghnáth-láithreach agus aimsir fháistineach**

*An **d**tuigeann tú…?*
*Nach **d**tabharfaidh tú na milseáin dom?*
*An **n**déanfaidh tú d'obair bhaile anocht?*

5 **Tar éis go agus *nach* (caint indíreach)**

*Deir Séamas go **d**téann tú…*
*Sílim go **d**tógfaidh mé…*
*Is dóigh liom nach **n-í**osfaidh mé…*

6 **Nuair a leanann ainmfhocal réamhfhocal simplí + *an***

*Tháinig Ronaldo **ar an b**páirc.*
*Bhí spraoi againn **ag an g**ceolchoirm.*
*Chonaic mé Megan **ag an b**pictiúrlann.*

## Ceacht 1

**Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní.**

**Freagraí ag deireadh na caibidle.**

1 Léim Éabha in airde ar an (cathaoir).
2 Rith Conn chuig an (pictiúrlann).
3 Tharla an timpiste i (Baile na hInse).
4 Nach (feic) tú an traein ag teacht inné a Gharib?
5 Bhí ár (carr) faoi ghlas nuair a rinneadh an ghadaíocht.
6 Cloisim nach (aithníonn) siad aon duine dá (cairde) anois.
7 Labhair mé le bhur (aintín) ar an (bus) inné.
8 Thug ár (múinteoir) ár (obair bhaile) dúinn ag deireadh an ranga.
9 Chaith Harry fiche euro ar an (geansaí) peile nua inné.

## Ceacht 2

**Athscríobh na habairtí seo thíos agus athraigh na focail sna lúibíní más gá.**

**Freagraí ag deireadh na caibidle.**

1 Léim Leo agus Lottie as (a: craicne) nuair a chuala siad guth an phríomhoide.
2 Chuaigh Pól céim amháin chun tosaigh agus dhá chéim (ar : cúl).
3 D'fhág Nicole a cóta ar an (cathaoir), ach d'fhág Céala agus Bernie (a: cótaí) ar an (bord).
4 Caithfimid (ár: dícheall) a dhéanamh sula (tagann) Diarmaid.
5 Tá cónaí ar Chiarán i (Gaillimh) agus tá cónaí ar Ruby i (Tír Chonaill).

## *Sa* agus *Sna*

***Sa***

**Úsáidtear *sa* nuair a bhíonn an t-ainmfhocal san uimhir uatha.**

*Tá Liam **sa** siopa.*
*D'fhág mé mo chóta **sa** seomra feithimh.*
*Tá Coláiste Eoin **sa** chluiche ceannais.*

***Sna***

**Úsáidtear *sna* nuair a bhíonn an t-ainmfhocal san uimhir iolra.**

*Bíonn margaí iontacha **sna** siopaí ar Aoine Mhór na Siopadóireachta!*
*Bhí dathanna éagsúla le feiceáil **sna** bratacha ar fad.*
*Is iontach an t-eolas atá **sna** leabhair sin, a Phóil!*


shutterstock Buíochas le Shutterstock as ucht pictiúir a cheadú dúinn

# Cogadh faoi rún!

A Phóil a chara,



Conas tá tú? Tá súil agam go bhfuil ag éirí go diail leat san idirbhliain. Cá mbeidh sibh ag dul ar thuras na hidirbhliana? Thug ár scoil cuairt ar an Róimh. Bhí sé thar barr. Chonaiceamar na radhairc ar fad agus is féidir liom é seo a rá leat anois: is aoibhinn liom píotsa!



Cogar, ar chuala tú na ráflaí ata ag dul thart maidir leis an gcéad scannán eile, *Marvel Secret Wars?* Cé nach gcuirfear amach é go dtí an bhliain 2025, tá sé á phlé ar fud an idirlín faoi láthair. Deirtear go dtioc-faidh *Falcon* ar ais mar *Captain America*. Cé a cheapfadh é sin?

Tá mé ag súil le *She Hulk* a fheiceáil go luath. Caithfidh mé a rá gur bhain mé ardsult as an tsraith nua sin – an bhfaca tú é go fóill?

Beimid ag caint go luath, le cuidiú Dé!

Do chara,

Gharib.

**Gluais**

**murúch = maighdean mhara** *mermaid*
**go diail = go han-mhaith**
**ráfla = scéal scéil** *rumour*
**faoi rún = rúnda** *secret* **ardsult = an-taitneamh**

**Obair duit**

**Scríobh ríomhphost chuig duine de do chairde agus inis don chara sin faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leat san idirbhliain agus faoi scannán nó ghig éigin a chonaic tú le déanaí.**

# An Mhurúch Bheag ar ais!



A Aoife a chara,

Beatha agus sláinte!

B'éigean dom scríobh chugat! Tá an mhurúch bheag ag teacht ar ais! Beimid ábalta Ariel a fheiceáil arís mar a chonaiceamar sa seanleagan le linn ár n-óige. Is í Halle Bailey atá mar Ariel an t-am seo, sa leagan nua den scannán cáiliúil a tháinig amach den chéad uair sa bhliain 1989. Beidh an scannán linn ar 26 Bealtaine! Tá mé ag súil go mór leis. Ar mhaith leat teacht liom go Baile Átha Cliath ar an lá sin? Déanfaimid píosa siopadóireachta, íosfaimid i dTigh Nando agus féachfaimid ar an scannán le chéile ansin san *Omniplex?* Abair liom má tá spéis agat ann! Glaoigh orm go luath!

Do chara,

Béibhinn.

# Tús na hArdteiste!

A Chonaill, a chara,

Conas tá ag éirí leat na laethanta seo? Níor scríobh mé chugat le tamall anuas mar gheall ar mo shaol gnóthach ó thosaigh mé ag tabhairt aghaidhe ar chúrsaí na hArdteiste! Cár imigh mo chuid saoirse! Ní stopann an obair ó dhubh go dubh. Is mór an t-athrú é ón idirbhliain, dáiríre.

Bhí idir bhrón agus iontas orm nuair a d'imigh an Bhanríon Eilís II ar shlí na fírinne anuraidh. Bhí ardmheas agam uirthi ó tháinig sí go hÉirinn sa bhliain 2011 agus ó thosaigh sí a cuid cainte as Gaeilge. Tháinig na sluaite amach chun

© Gael Linn

tacaíocht a thabhairt don Teaghlach Ríoga ar uair a báis. Bhí gach rud le feiceáil sna meáin chumarsáide. Cad a cheap tú féin faoi na himeachtaí go leir?



Ghlac mé sos ón staidéar cúpla mí ó shin. Chuaigh mé le m'athair go Páirc an Chrócaigh chun rí an cheol tuaithe, Garth Brooks, a fheiceáil is a chloisteáil. Chun an fhírinne a rá, ní éistimse rómhinic le ceol tuaithe, ach thaitin an ócáid go mór liom. Bhí an áit dubh le daoine, pé scéal é, agus hataí buachaillí bó á gcaitheamh ag na fir go léir! Dhamhsaigh gach duine agus bhí focail na n-amhrán ar eolas acu ar fad. Oíche den chéad scoth! Bhí sé go deas am a chaitheamh le m'athair liom féin freisin. Creideann Daid gur réalta é Garth Brooks.



Is fada uaim laethanta na hidirbhliana anois. Bí cinnte ardsult a bhaint as a bhfuil fágtha den bhliain, mar imíonn an t-am go tapa. An ndeachaigh sibh ar turas i mbliana? An raibh aon ábhar nua á dhéanamh agat? Cá ndearna tú an taithí oibre? An bhfuil tú sásta gur roghnaigh tú an idirbhliain?

Tá súil agam go mbeimid ag caint le chéile go luath. Abair le do thuismitheoirí teacht anseo ar cuairt chugainn deireadh seachtaine éigin. Bí cinnte iarratas a chur isteach do chúrsa B sa Ghaeltacht an samhradh seo chugainn. Seolfar m'iarratas féin chucu an tseachtain seo.

Beir bua agus beannacht!


Eoin.

# Na Meáin Shóisialta



Éalú atá ann, dar liom – éalú ón mbrú, ón strus, ón saol, ón uaigneas. Bíonn slí éalaithe á lorg ag déagóirí, ach cruthaíonn an t-éalú seo fadhbanna eile. Cén fáth a bhfuil greim docht ag an éalú bréagach seo ar dhaoine óga na tíre?

Stánann daoine óga áirithe ar scáileáin ó mhaidin go hoíche. Cuireann sé imní, brón, éadóchas agus frustrachas orthu. Cén fáth nach leanann níos mó daoine mé? Cad a dhéanfaidh mé chun leantóirí nua a fháil an tseachtain seo? Conas a bheidh an t-am agam chun freagraí a thabhairt ar na teachtaireachtaí seo ar fad? Is cinnte go bhfuil ré an tionchair shóisialta buailte linn.




Cé acu ceann is fearr leat féin? Déanaigí suirbhé ranga! *TikTok? SnapChat? Instagram?* Cé acu an ceann is coitianta? Cén fáth a bhfuil déagóirí na tíre tugtha do na haipeanna seo? An fadhbanna iad na haipeanna seo – nó rud éigin nua atá tagtha isteach sa saol seo? B'fhéidir gur dul chun cinn atá ann? B'fhéidir gurb iad an todhchaí iad?



© Gael Linn

# Super Mario Bros!



1 Creid é nó ná creid, tá an físchluiche *Mario Bros* daichead bliain d'aois! Anois tá scannán ann. bunaithe ar an gcluiche. *The Super Mario Bros Movie* an t-ainm atá air.

2 Cuireann an scannán síos ar Mario, pluiméir as Brooklyn, a thaistealaíonn trí Ríocht na Muisiriún leis an mBanphrionsa Peach agus muisiriún darb ainm Toad in éineacht leo – chun Luigi, deartháir Mario, a aimsiú.

3 I measc na n-aisteoirí a dhéanann guthanna sa scánnán, tá Chris Pratt mar Mario – mar aon le Anya Taylor-Joy, Charlie Day, Jack Black agus Seth Rogen. Is iad Aaron Horvath agus Michael Jelenic a stiúir an scannán. Beidh *The Super Mario Bros Movie* sa phictiúrlann an tseachtain seo chugainn.

## Líon isteach na bearnaí thíos

1 nó ____ creid… (Alt 1)
2 cuireann an scannán ____ ar… (Alt 2)
3 I _____ na n-aisteoirí… (Alt 3

# Bláthanna Deasa!



1 Thosaigh an banna *Hothouse Flowers* ag buscáil i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1985. Ba chairde iad Liam Ó Maonlaí agus Fiachna Ó Braonáin ó bhí siad ag freastal ar Choláiste Eoin. Nuair a thosaigh Peter O'Toole ag seinm ar an dord leo, tar éis tamaill, bhí banna ceart acu!

2 Ba iad *The Incomparable Benzini Brothers* a bhí mar ainm ar na leaideanna ag an tús, ach mhol an t-amhránaí, Maria Doyle Kennedy. an t-ainm *Hothouse Flowers* i gColáiste na Tríonóide. Thug siad faoi amhráin a scríobh ansin agus chuaigh ar camchuairt na hÉireann.



3 D'eisigh an banna a gcéad albam *People* sa bhliain 1986 agus bhí sé ar an gcéad albam ba rathúla ag grúpa ceoil in Éirinn riamh. Bhí an t-albam ag uimhir a haon sa tír seo laistigh de sheachtain agus, faoi dheireadh, bhain sé uimhir a dó amach sa Bhreatain. Sa bhliain 2016, sheinn na *Flowers* an t-amhrán *I Can See Clearly Now* beo ar an gclár carranna *The Grand Tour*. Beidh an banna ag dul ar camchuairt arís i mbliana, ag tosú in Amharclann an Pavilion i nDún Laoghaire, Déardaoin seo chugainn.

## Gluais

**dord** *bass* **camchuairt = turas thart timpeall**
**rathúil = buach** *successful*

## Fíor nó bréagach?

1 Ba é Liam Ó Braonáin a bhunaigh *Hothouse Flowers*. (Alt 1)
2 *Hothouse Flowers* a bhí mar ainm orthu ón tús. (Alt 2)
3 Beidh an banna ag seinm i nDún Laoghaire Déardaoin seo chugainn. (Alt 3)

© Gael Linn

# Rugbaí na mBan



1 Tá Craobh na Sé Náisiún thart go ceann bliana eile, agus an Chaithréim Mhór buaite ag Éirinn! Ach is bliain mhór í seo don rugbaí fós. Deirtear go bhfuil an cluiche rugbaí dhá chéad bliain d'aois i mbliana – agus beidh Corn an Domhain ar siúl sa Fhrainc ar ball.

2 Ar ndóigh, aon rud a dhéanann na fir, is féidir leis na mná é a dhéanamh freisin – agus níos fearr in amanna! Go dtí ar na mallaibh, níor tugadh aitheantas ceart do rugbaí na mban, ach tá mná ag imirt an chluiche le beagnach céad go leith bliain! Is é an taifead oifigiúil is luaithe atá againn de bhean ag imirt rugbaí ná sa scoil ar a raibh Oscar Wilde agus Samuel Beckett – Portora Royal, in Inis Ceithleann. D'imir Emily Valentine lena deartháireacha ar fhoireann na scoile sa bhliain 1887 agus scórail sí féin úd!

3 Thosaigh Craobh Sé Náisiún na mBan ar 25 Márta agus beidh sé ag dul ar aghaidh go dtí deireadh na míosa seo. Tá trí chluiche eile fágtha ag mná na hÉireann an mhí seo. Beidh siad ag imirt in éadan na hIodáile in Parma ar 15 Aibreán. Imreoidh siad sa bhaile in éadan Shasana ar 22 Aibreán, i gCorcaigh, agus beidh an cluiche deireanach acu ar 29 Aibreán, nuair a bhuailfidh siad le mná na hAlban i nDún Éideann.

## Gluais

**ar na mallaibh = le déanaí**
**Caithréim Mhór** *Grand Slam*
**aitheantas = aithne** *recognition*
**úd** *try* **Dún Éideann** *Edinburgh*

## Ceist agam ort

1 Cén aois an cluiche rugbaí anois? (Alt 1)
2 Cathain a d'imir Emily Valentine rugbaí in Inis Ceithleann? (Alt 2)
3 Cén chathair ina mbeidh mná na hÉireann ag imirt ar 22 Aibreán? (Alt 3)
4 "Ba chóir go mbeadh cead ag mná a bheith páirteach in aon spórt a imríonn fir." An aontaíonn tú leis sin? Cad ina thaobh?

# Faisean an Earraigh

1 Más mian leat a bheith san fhaisean le do chuid éadaigh, in amanna níl le deanamh agat ach fanacht! Chualamar go léir an téarma *Na Fichidí Scairteacha*, ach tá faisean na haimsire sin ag teacht ar ais, do mhná, ar aon nós! Tá na gúnaí íocónacha den stíl *flapper* faiseanta arís, ach ní chaithfidh siad a bheith rófhoirmeálta ach oiread.

2 Más compord atá uait, tá deinim ar ais san fhaisean freisin (má bhí sí riamh as faisean). Tá tuairimí éagsúla ann maidir le deinim dhúbailte nó deinim ar dheinim. Mas mian leat seaicéad deinime a chaitheamh le bríste géine, áfach, tá cead do chinn agat arís!



3 Cé go bhfuil an t-earrach beagnach thart, d'fhéadfadh an aimsir a bheith fuar fós. Tá roinnt comhlachtaí Éireannacha, mar *Cayo*, a dhéanann geansaithe faiseanta compordacha, a choinneoidh te thú fosta agus tú amuigh. Is as olann alpaca a dhéanann *Cayo* a chuid geansaithe.

## Gluais

**Fichidí Scairteacha** *Roaring Twenties*
**íocónach** *iconic* **olann** *wool*

## Fuascail na hanagraim seo ón sliocht!

aaheatsiccr (Alt 1)
nedmii (Alt 2)
sagheetain (Alt3)


© Gael Linn

# Saoire Eachtraíochta

1 Is iomaí sin duine ag Dia, a deir an seanfhocal, agus is iomaí sin saghas saoire ann freisin. Cé gur maith leis an gcuid is mó againn imeacht chun na gréine le héalú ó aimsir ghruama na hÉireann, ní thaitníonn an teas le gach duine. Is fearr le cuid againn a bheith gníomhach agus sinn ar saoire chomh maith, in áit a bheith inár luí thart ar linn snámha an lá ar fad.



2 Más eachtraíocht atá uait, mar sin, ní chaithfidh tú an tír seo a fhágáil fiú. Má cheapann tú go bhfuil sé rófhuar fós le himeacht cois farraige, is féidir sult a bhaint as an uisce ar chadhc sa Dubhabhainn. Tosaíonn tú amach sa Bhaile Dubh sa chadhc agus téann tú thar chaisleán mórga ag an Lios Mór, a tógadh sa dóú haois déag. Críochnaíonn an turas abhann in Eochaill agus tá go leor áiteanna le fanacht agus le hithe iontu le linn an turais.




3 Más mian leat breathnú níos géire ar na réaltaí, is fiú cuairt a thabhairt ar Fhoraois Dhabhach i gContae Thír Eoghain. Is i Sliabh Speirín atá Foraois Dhabhach agus is ceantar oifigiúil Spéire Dorcha é gan mórán de thruailliú solais ann. Is féidir leat amharc ar na réaltaí le teileascóp sa réadlann agus an oíche a chaitheamh sa cheantar i bhfaighneog ghlampála ina bhfuil fuinneog le féachaint amach ar an spéir.

**Nóta:** Baineann na logainmneacha in alt 2 le háiteanna i gCúige Mumhan. Aimsígí iad in logainm.ie!

## Gluais

**eachtraíocht** *adventuring* **cadhc** *kayak*
**An Dubhabhainn** *The River Blackwater*
**mórga = ríúil** *majestic* **truailliú** *pollution*
**réadlann = faireachlann** *observatory*
**faighneog ghlampála** *glamping pod*

## Crosfhocal daoibh!



**Trasna**

1 solas sa spéir (6)
4 contrárthacht 'fuacht' (4)
8 limistéar, réigiún (7)
9 farraige (4)
10 nathán, seanrá (10)
11 bád beag eachtraíochta (5)

**Síos**

1 faireachlann (8)
2 féach, breathnaigh (6)
3 gnóthach (9)
5 cnoc ard (6)
6 gan corraí, gan bogadh. stad (7)
7 duairc, brónach (6)

© Gael Linn

# Ceiliúradh na Cásca



1 Cé go dtarlaíonn an Nollaig ar an dáta céanna gach bliain sa domhan thiar – nó san Eaglais Chaitliceach agus sa chuid is mó de na hEaglaisí Protastúnacha, ní hamhlaidh atá don Cháisc. Féile aistritheach atá sa Cháisc, a thiteann ar dháta éagsúil gach bliain.

2 Tarlaíonn an Cháisc ar an gcéad Domhnach tar éis iomlán gealaí chónocht an earraigh, nó iomlán gealaí na Cásca. I mbliana is é an Domhnach, 9 Aibreán, Domhnach Cásca. Ach san Eaglais Cheartchreidmheach, áfach, beidh Domhnach Cásca seachtain níos déanaí i mbliana, ar 16 Aibreán. Baineann an dáta sin le hábhar, ar ndóigh, go háirithe i mbliana, mar tá tuairim is 70,000 Úcránach ina gcónaí in Éirinn anois agus leanann siadsan nósanna na hEaglaise Ceartchreidmhí.



3 Is i gcuimhne ar aiséirí Íosa ó na mairbh a cheiliúrann Críostaithe an Cháisc. Tá aimsir an Charghais thart agus, fiú do dhaoine a bhfuil creideamh eile acu nó creideamh ar bith, is am ceiliúrtha é freisin, mar tá an aimsir ag dul i bhfeabhas agus na laethanta ag éirí níos faide. Faigheann an chuid is mó de na scoileanna laethanta saoire fosta. Chomh maith leis sin in Éirinn, cuimhnímid ar Éirí Amach na Cásca, nuair a throid an Piarsach agus a chomrádaithe ar son saoirse na tíre.


## Gluais

**aistritheach** *moveable* **iomlán gealaí** *full moon*
**cónocht** *equinox* **aiséirí = éirí ón mbás**
**Eaglais Cheartchreidmheach** *Orthodox Church*
**An Carghas** *Lent*

## Tasc duit!

Dear cártaí Cásca do do chairde nó do do theaghlach. Cad iad na híomhánna a mbainfidh tú úsáid astu? Cén fáth? Cén saghas ábhair a mbainfidh tú úsáid as?

## Sainuimhir Éirime?
## Nó Sainuimhir Mhothúchánach?



Bíonn go leor cainte na laethanta seo ar an tábhacht a bhaineann le hintleacht agus éirim chun go n-éireoidh le daoine sa saol seo. Cuirtear béim ar chumas páistí agus iad ar an mbunscoil agus ina dhiaidh sin; agus is ar thorthaí scrúdaithe a bhíonn an bhéim agus déagóirí san iar-bhunscoil.

Bíonn brú áirithe ar dhaoine freastal ar ollscoil agus na pointí cuí a ghnóthú chun a rogha cúrsaí a bhaint amach. Ansin, chun post a fháil is gá ardghráid a bheith faighte acu agus iad amuigh sa saol mór ar chéad chéim a ngairm bheatha.

Ach cad faoi shaol pearsanta daoine éirimiúla, intleachtúla, cumasacha? An mbíonn ar chumas na ndaoine sin plé le céile agus páistí – cúram a dhéanamh de thuistí agus iad ag dul in aois? An féidir sásamh pearsanta a bhaint amach a dhéanfaidh sona sásta iad don chuid eile dá saol?


© Gael Linn



Tá fianaise ann go bhfuil an éirim mhothúchánach chomh tábhachtach céanna, nó níos tábhachtaí b'fhéidir, chun a bheith sona sásta. Mura mbíonn tú ábalta plé go cothrom, deas, tuisceanach le daoine eile, ní bheidh tú sona. Caithfimid maireachtáil le chéile ar an saol seo agus, chun go n-éireoidh linn é sin a dhéanamh, is gá dúinn a bheith tuisceanach, cineálta le daoine eile.

## Gluais

**sainuimhir éirime** *IQ* **sainuimhir mhothúchánach** *EQ*
**céile = páirtnéir** *spouse* **éirim = cumas intleachtúil**

## Obair duit

1 Scríobh amach gach focal a thosaíonn leis an litir ***s*** thuas. I gcás gach focail, breac síos an rann cainte a bhaineann leis. I gcás ainmfhocail, faigh amach an bhfuil sé firinscneach nó baininscneach.
2 Déan a oiread focal gearr agus is féidir as litreacha an fhocail: *PEARSANTA*.
3 Scríobh an t-alt thuas san aimsir chaite.




Samhlaigh dul go tír iasachta agus gan a bheith ábalta teanga mhuintir na háite a thuiscint. Samhlaigh an fhadhb a bheadh agat dá mbeadh rud éigin ag teastáil uait, ach nach bhféadfá iarraidh ar aon duine cuidiú leat.

Bheadh an saol thar a bheith deacair mura mbeadh an chomhthuiscint sin idir dhaoine. Samhlaigh anois go bhfuil tú ag taisteal thar lear, trí thíortha éagsúla agus go raibh go leor de na teangacha éagsúla agat chun bunrudaí a iarraidh agus chun lóistín agus bia a fháil duit féin. Ní bheadh ag teastáil ach tamall ag foghlaim abairtí de ghlanmheabhair agus an fonn é sin a dhéanamh.



An tríú cás atá le samhlú agat ná daoine ó thíorta iasachta anseo in Éirinn agus iad ag iarraidh rud éigin a rá leat – ní thuigeann tú iad! De réir mar a théann an easpa tuisceana ar aghaidh, éiríonn na cuairteoirí níos tógtha, cuidiú de dhíth go géar orthu, ach gan tú ábalta aon rud a dhéanamh. Is uafásach an cás é sin, ach tarlaíonn sé go minic na laethanta seo – páistí ón Úcráin gan acu ach *Google Translate* chun cumarsáid a dhéanamh le muintir na hÉireann. Nach mbeadh sé go hiontach cúpla focal Úcráinise a fhoghlaim chun fáilte a chur rompu? Bain triail as!

## Gluais

**tógtha = crosta**

## Obair duit

1 Aimsigh léarscáil den domhan agus, ar an léarscáil sin, marcáil nó aimsigh cúig thír ina labhraítear teanga nach Béarla í. Foghlaim abairt amháin sna teangacha sin!
2 Aimsigh an focal ar *teanga* i sé theanga éagsúla, seachas na cinn a luaigh tú i gceist 1.
3 Liostaigh 10 dtír san Eoraip. Scríobh síos ainm na tíre i nGaeilge agus ainm na teanga a labhraítear ann i nGaeilge taobh leis. Oibrigh amach cén riail a bhaineann le hainm teanga a dhéanamh as tír.

© Gael Linn

# Astralaíocht



Is éard atá i gceist le hastralaíocht ná an eolaíocht a bhaineann le tionchar na bpláinéad ar an duine. Ní chreideann gach duine inti, ach dóibh siúd a chreideann, cuidíonn sí leo cinntí a dhéanamh, bunaithe ar shuíomh agus ar ailíniú na bpláinéad. Mar shampla, baineann an ghrian leis an taobh fireann de dhaoine – agus leis na fir a mbíonn baint acu lena saol. Baineann an ghealach leis an máthair agus le mothúcháin. Éist le *The Planets* le Gustav Holst chun tréithe na bpláinéad a chlois-teáil sa cheol. Cloisfidh tú *Iúpatar* agus an fuinneamh a bhaineann leis – agus baineann doiléire agus éiginnteacht le *Neiptiún*.

Beidh tú ábalta a shamhlú cén tionchar a bhíonn ag na pláinéid ar do phearsantacht féin – an bhfuil tú eagraithe, iontaofa, staidéartha stuama, le tionchar *Shatairn* go sonrach ort? Nó an duine fuinniúil, trodach thú a mbíonn tionchar *Mars* níos láidre ná aon phláinéad eile ort? Déan taighde ar na pláinéid agus ar a dtionchar ar bheatha an duine chun teacht ar thuiscint níos fearr ort féin, ar dhaoine eile agus ar an saol i gcoitinne!

## Gluais

**astralaíocht** *astrology* **cinntí** *decicions*
**ailíniú** *alignment*

## Obair duit!

1 Ainmnigh na pláinéid in ord, bunaithe ar a bhfad ón ngrian.
2 An duine thú a chreideann in astralaíocht nó an fearr leat eolaíocht chruthaithe, bunaithe ar fhíricí seachas ar mhothúcháin?
3 Déan taighde ar *Véineas* go bhfeicfidh tú na tionchair a imríonn sí ar shaol an duine.

# FC København

As deich gcinn d'fhoirne sacair ag iomaíocht i bPríomhshraith na hÉireann is as Baile Átha Cliath cúig fhoireann díobh. I bPríomhshraith Shasana – nó an *Premiership* mar a thugtar uirthi go coitianta – tagann seacht bhfoireann as fiche ó Londain. Ní hé sin an cás i dtíortha eile san Eoraip. B'fhéidir go mbeadh dhá fhoireann as na cathracha móra ar nós Milano nó Maidrid, ach sa Fhrainc agus sa Ghearmáin, mar shampla, níl ach foireann mhór amháin sna cathracha móra!



Sa bhliain 1992 bhí ar phríomhchathair na Danmhairge teacht ar réiteach, mar bhí an fhoireann sacair is sinne san Eoraip i mbaol féimheachta. *KB* an t-ainm gairid ar an bhfoireann áirithe sin agus bhí orthu fabhar ollmhór a iarraidh ar a gcomharsa *B1903*. Ba dheargnaimhde iad an dá fhoireann, ar ndóigh, ach chun an cluiche sacair a shábháil sa chathair, shocraigh an dá fhoireann teacht le chéile mar fhoireann amháin!

Cé gur bhuaigh siad Príomhshraith na Danmhairge sa chéad bhliain, bhí go leor fadhbanna acu forbairt cheart a dhéanamh ar feadh tréimhse sách fada. Samhlaigh *Manchester Utd* agus *Manchester City* nó *Celtic* agus *Rangers* ag teacht le chéile. Is cinnte go mbeadh tuairimí éagsúla ag an dá dhream. Tar éis don Sasanach, Roy Hodgson, glacadh le post mar bhainisteoir ar *FC København* sa bhliain 2000, thosaigh cúrsaí ag dul i bhfeabhas agus ba bheag bliain ó shin nár bhuaigh an fhoireann sin corn éigin i gCóbanhávan!

## Gluais

**féimheacht = clisiúnas** *bankruptcy*
**fabhar = gar** *favour*

## Obair daoibh!

**Freagraígí na ceisteanna thíos.**

1 Cé mhéad duine a bhíonn ar fhoireann sacair?
2 Cén feisteas a bhíonn ar imreoir sacair?
3 Cén cruth a bhíonn ar an liathróid?
4 Cá fhad a leanann cluiche sacair?
5 Cén aois ag a dtosaíonn duine ag traenáil is ag imirt?
6 Cathain a éiríonn duine as traenáil is as imirt?
7 An gcaitheann imreoirí sacair aon chosaint?
8 Cén obair a dhéanann an réiteoir ar an bpáirc?
9 Ar gortaíodh réiteoir riamh?
10 An dóigh leat go bhfuil sacar níos fearr mar chluiche ná peil ghaelach?


© Gael Linn

# Citizen Kane




Fuair máthair Orson Welles bás agus é naoi mbliana d'aois. D'éirigh lena athair go leor airgid a thuilleamh as lampa do rothair a chruthú, ach faraor, chuir sé a shaol amú le hólachán. Bhog Orson go hÉirinn agus é sé bliana déag d'aois agus chaith sé tréimhse ar Oileáin Árann. Lá amháin shiúil sé isteach in Amharclann an Gheata agus d'inis sé do gach duine gurbh aisteoir cáiliúil ó Mheiriceá é. Cé nár chreid an bainisteoir é, thaitin misneach an leaid óig leis.


D'fhás an misneach sin go sciobtha agus thosaigh Orson ag fáil jabanna i Sasana – ag scríobh agus ag aisteoireacht. Sa bhliain 1939 bhog sé ar ais go Meiriceá agus shínigh sé conradh le stiúideo darbh ainm *RKO* chun dhá scannán a dhéanamh dóibh. Dhiúltaigh siad don chéad dá iarracht, ach bhí siad sásta cead a thabhairt dó an triú ceann a fhorbairt. Bhí Orson Welles fiche is a sé bliana d'aois nuair a taispeánadh *Citizen Kane* i Meiriceá den chéad uair. Glactar leis sa lá atá inniu ann gurb é ceann de na scannáin is fearr riamh é.

Faraor, tharla an tubaiste chéanna d'Orson is a tharla dá athair. Níor éirigh leis an clú ná an cháil a bhain sé amach le *Citizen Kane* a bhaint amach riamh arís. Chaith sé an chuid eile dá shaol ag lorg airgid agus aitheantais.

## Gluais

**sciobtha = tapa**

## Crosfhocal daoibh!
**(bunaithe ar an sliocht)**



**Trasna**
- 2 tapa (8)
- 5 tamall, seal, scathamh (8)
- 7 crógacht (8)
- 10 solas, cineál solais (5)
- 11 áit ina ndéantar scannáin nó craoltóreacht (8)
- 12 ochón, mo léan (6)

**Síos**
- 1 bean a bhfuill clann aici (7)
- 3 clúiteach (8)
- 4 saothrú (9)
- 6 áit a mbíonn drámaí ar siúl (10)
- 8 duine a ghlacann páirt i ndráma nó i scannán (8)
- 9 buachaill (5)

# *Pickleball*



Níl aon Ghaeilge fós ar an spórt ar a dtugtar *pickleball*. Meascán de bhadmantan, leadóg chúirte agus leadóg bhoird atá i gceist. Sa bhliain 1965 chruthaigh fear darb ainm Joel Pritchard agus beirt dá chairde an cluiche seo. Bhí gairm bheatha an-

rathúil ar feadh na mblianta ag Pritchard – mar pholaiteoir Meiriceánach.

Níor tháinig mórán d'fhás ar an spórt go dtí an bhliain 2010, nuair a thosaigh daoine ar nós LeBron James agus Drew Brees ag fógraíocht na mbuntáistí a bhain leis an gcluiche. Toisc gur cluiche simplí é, níl aon ghá le diantraenáil le bheith go maith aige agus is féidir le gach aoisghrúpa é a imirt. Ní bhíonn costas ard i gceist ach oiread – a fhad is a bhíonn cúirt phoiblí ar fáil. Is féidir le beirt nó ceathrar é a imirt le chéile, rud a chuireann go mór leis an ngné shóisialta. Cé nach spórt tapa é, bíonn ar dhaoine bogadh ó áit go háit ar an gcúirt agus, go fisiciúil, bíonn sé dúshlánach go leor, gan a bheith iomarcach.

Cé gur cineál ábhar magaidh é *pickleball* i súile lucht leadóige, is léir go bhfuil go leor rudaí maithe ag baint leis agus tá sé soiléir, ó na huimhreacha a imríonn é, go bhfuil fás millteanach tagtha ar an spéis sa chluiche i Meiriceá.

### Gluais

**rathúil = fiúntach** *successful*

### An féidir leat na hanagraim thíos a scaoileadh?

*tspór ldaóge mantanbad sceit,*
*rbeit uichelc mgair*
*tmiir iúcrt*
*dmagah tbunstáis*

# Kieran Donaghy

Sular rith Kieran Donaghy amach ar an bpáirc le himirt do Chontae Chiarraí, níorbh í an pheil ghaelach an chéad spórt ar thit sé i ngrá leis in aon chor – cé gur tríd an bpeil a bhain sé cáil amach dó féin ar deireadh thiar.

Bhí Kieran ard agus tanaí agus é óg agus bhí suim an-mhór aige sa chispheil. Agus ba é Michael Jordan, an t-imreoir gairmiúil cispheile, a laoch spóirt. Cuireadh brú air peil ghaelach a imirt agus d'éirigh go hiontach leis ag imirt do na mionúir. Ní raibh an t-ádh air maidir le foireann na sinsear agus bhí deacracht aige áit a fháil ar an bpainéal. Tháinig athrú ar an scéal de bharr clár teilifíse áfach!

Ghlac Donaghy agus a chlub páirt sa chlár, *Underdogs*, ar TG4 sa bhliain 2004. D'imir sé ar bhealach diongbháilte, crua, cliste a chuir in iúl do lucht roghnúcháin Chiarraí go raibh sé réidh d'fhoireann na sinsear.




D'éirigh go hiontach leis ina dhiaidh sin agus, tar éis tamaill, ní raibh Ciarraí in ann imirt gan Kieran Donaghy a bheith ag imirt chun tosaigh dóibh. Chruthaigh sé féin agus Colm Cooper comhpháirtíocht nach raibh teorainn ar bith leis. Chomh maith le neart onóracha le Ciarraí sa pheil, tá cúpla corn buaite aige freisin le Trá Lí sa chispheil.

### Gluais

**diongbháilte = daingean** *determined, steadfast*

### Fíor nó bréagach?
**Scríobh amach an leagan fíor d'aon abairt thíos atá bréagach:**

1 Ní raibh suim ag Donaghy in aon chluiche ach an pheil.
2 Leaid beag, ramhar ab ea Kieran agus é óg.
3 Ghlac Donaghy agus a chlub páirt i gclár darbh ainm *Underdog* ar BBC.
4 Chuir roghnaitheoirí Ciarraí spéis ann nuair a chonaic siad an clár.


© Gael Linn

# Síobaireacht

Níl sé i gcoinne an dlí d'ordóg a chur amach agus síob a lorg ar ghnáthbhóthar in Éirinn ná i bhformhór na dtíortha san Eoraip – cé go bhfuil sé i gcoinne an dlí síob a lorg ar mhótarbhealach.



Bhí an síobaireacht coitianta go maith sa tír seo sna seachtóidí, sna hochtóidí agus ag tús na nóchaidí. Sa lá atá inniu ann, is beag síobaire a bhíonn le feiceáil ar na bóithre.

Tá traidisiún láidir síobaireachta i measc ceard-aithe sa Ghearmáin, in áiteanna sa Fhrainc agus i dtíortha Lochlannacha. Nuair a chríochnaíonn daoine óga a bprintíseacht, bionn rogha acu dul amach ar an mbóthar leo féin. *Auf der Walz* a thugtar ar an turas seo sa Ghearmáinis agus is ag síobthaisteal tríd an tír a théann daoine óga ag lorg oibre agus foscaidh ar feadh trí bliana agus aon lá amháin. Ní bhíonn acu ach mála beag agus na scileanna a d'fhoghlaim siad le linn na printíseachta.

Ceaptar go bhfuil thart ar ocht gcéad daoine ag déanamh ar turais seo tríd an tír sa lá atá inniu ann. Is traidisiún é atá ag teacht chun deiridh, áfach, toisc go bhfuil an oiread sin bealaí eile ag daoine chun síob a eagrú anois – seachas ordóg a shá amach san aer. Tá go leor suíomhanna idirlín aa Ghearmáin, mar shampla, agus is féidir síob a eagrú gan aon fhadhb – mar shampla, suíomh ar nós mitfahrzentrale.de, a bhíonn an-úsáideach do dhaoine a bhíonn ag iarraidh taisteal ar chostas an-íseal.

## Gluais


**síobaireacht = síobshiúil** *hitch-hiking*
**ceardaí** *artisan, craftsman*
**foscadh** *shelter*

## Cuir gach focal thíos in abairt a léiríonn an bhrí atá leis.

*dlí ordóg amach síob*
*lorg tír inniu síobaire*
*láidir printíseach rogha turas*
*foscadh tradisiún eagrú seachas*
*sampla taisteal*

## Tráth na gCeist

1 Cén t-ainm iomlán atá ar an bpeileadóir, *The Gooch?*
2 Cén tír arb as an comhlacht *IKEA?*
3 Céard is ainm don chuid buí d'ubh?




4 An bhfuil fuaim níos sciobtha ná solas?
5 Cé mhéad saol a bhíonn ag cat?
6 Céard a thugtar ar dhuine a leanann Justin Bieber?
7 Cé mhéad céim atá i gcasadh iomlán cloig?
8 Fíor nó bréagach – d'imir Roy Keane do *Celtic?*
9 Cá mbeidh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl sa bhliain 2024?
10 Cén t-ainmhí a chónaíonn i mbrocach?



© Gael Linn

# Kateryna - Cuid a Trí





© Gael Linn




Katie Fleming


© Gael Linn

# Kateryna


## (Cuid a Trí den Scéal)

Bhí an slua ag brú isteach thart ar Kateryna agus gan radharc aici ar a máthair. Thosaigh sí ag scairteadh.

"A Mhama? A Mhama, cá bhfuil tú?"




Leagadh lámh ar a gualainn agus thiontaigh sí thart. Ní Mama a bhí ann, ach bean a raibh culaith phóilín á caitheamh aici. Labhair sí le Kateryna, ach níor thuig an cailín bocht aon fhocal.




Thug an póilín í chuig oifig bheag, áit a raibh bean a thuig caint Kateryna. D'fhiafraigh an bhean sin a hainm di agus mhínigh Kateryna gach rud di, an baile as ar tháinig sí agus an dóigh nach raibh sí ábalta teacht ar a máthair.

"Is dócha go bhfuil do Mhama do do chuardach freisin, a stór," arsa an bhean go cineálta. "Fan anseo agus tiocfaimid uirthi."

Taispeánadh cathaoir di agus tugadh deoch uisce le hól di.

Ní raibh aon stad leis an bplód ná leis an bhfuadar, ach níor mhothaigh Kateryna chomh huaigneach sin riamh. Bhí na deora ag bagairt uirthi, ach smaoinigh sí ar a hathair agus ar a deartháir a bheadh ag tabhairt aghaidhe ar ghunnaí an namhad gan mhoill – agus chruinnigh sí a misneach.

Ní raibh sí i bhfad ina suí ansin nuair a tháinig an póilín ar ais, máthair Kateryna léi.

"Mama. Mama!"

Rug an mháthair agus an iníon barróg theannta ar a chéile agus shil siad deora go fras. "Shíl mé go raibh tú caillte agam, a rún," arsa an mháthair.

Ceithre huaire a bhí siad sa staisiún traenach, greim daingean láimhe acu ar a chéile, sular tugadh chuig an aerfort iad. Lá iomlán a chaith siad ansin, daoine ag teacht chucu ó am go chéile, liostaí á seiceáil acu, ach gan aon duine in ann míniú a thabhairt ar a raibh i ndán dóibh.

Ar deireadh, cuireadh ar bord eitleáin iad. Dúradh leo go mbeadh siad ag dul chuig áit darbh ainm Éire. Ní raibh eolas ar bith ag Kateryna ar an áit úd agus bhuail idir imní agus uaigneas í – imní faoina raibh roimpi, ach uaigneas i ndiaidh a muintire a bhí fágtha san Úcráin.

"Cén sórt áite í *Irlandiya*, a Mhama? An mbeidh saighdiúirí ann?"

"Níl a fhios agam, a stór."

Bhí croí Mhama féin briste ag an imní agus ag an uaigneas agus choinnigh sí greim ní ba dhaingne ná riamh ar lámh Kateryna.

## Gluais

**póilín = garda** *cop, police officer*
**dóigh = caoi, slí, bealach**
**plód = slua, brú**
**fuadar = deifir, rith anonn is anall**
**teannta = daingean**
**go fras = go flúirseach**


© Gael Linn

# Kateryna – Obair daoibh!




**Agus sibh ag éisteacht leis an múinteoir ag léamh an scéil NÓ le linn daoibh féin é a léamh, déanaigí an obair seo.**

**Cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile agus freagraígí iad (bunaithe ar an bpictiúr thuas).**

1 Cá ndeachaigh Kateryna agus an póilín?
2 Cad is póilín ann, dar leat?
3 An dóigh leat go raibh Kateryna ina príosúnach ag an bpóilín sin?
4 Cén fáth a raibh an bhean eile sa seomra, dar leat?
5 Cén cheist a chuir sí ar Kateryna?
6 'Mhínigh Kateryna gach rud di.' Cén scéal a d'inis Kateryna, i do thuairimse?

## Obair Bheirte

- Scríobhadh gach duine agaibh cuntas ar eachtra a tharla **duit féin** nuair a tháinig strainséir i gcabhair ort am éigin.
- Léigí amach na cuntais sin dá chéile.
- Léadh gach duine agaibh do chuntas os comhair an ranga (mura bhfuil sé róphríobháideach!).

**Cuir críoch leis an scéal seo thíos.**

- "Tar isteach go hoifig an stáisiúin," arsa an Garda liom…

**Ceisteanna eile, bunaithe ar an gcéad leathanach de chuid a trí**

1 Cén fáth nach raibh Kateryna in ann a máthair a fheiceáil, dar leat?
2 Conas a bhí an póilín gléasta?
3 Cuntas gairid uait ar an gcomhrá a bhí ag an mbean le Kateryna (pictiúr ar chlé).
4 Cad iad na smaointe a bhí in aigne Kateryna sa phictiúr ag bun an chéad leathanaigh?




**Freagraígí na ceisteanna seo, bunaithe ar an bpictiúr thuas. (↑)**

1 'Ní raibh sí i bhfad ina suí ansin…' Cé a tháinig isteach sa seomra?
2 Cad a rinne Kateryna agus a máthair nuair a casadh ar a chéile iad?
3 Conas a mhothaigh Kateryna faoin am sin, dar leat?
4 Cad dúirt Kateryna lena máthair?
5 Céard a cheap a máthair?

**Ceisteanna ar an bpictiúr thíos (↓)**

1 Cad iad na ceisteanna a chuir Kateryna ar a máthair?
2 Cén freagra a thug an mháthair uirthi?
3 Cá raibh siad ag dul?
4 Conas a bheadh siad ag taisteal?
5 Mínigh an cuntas a thugtar ar mhothúcháin na máthar.
6 Cad deirtear faoin gcaoi ar rug sí ar lámh Katerina?




© Gael Linn

# Cluastuiscint (CD 4) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar.)

## CUID A

**Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Ainm na heagraíochta a luaitear | |
| Ceantar Gaeltachta a luaitear | |
| Scil amháin a bheidh ag teastáil | |
| Spriocdháta | |

### Fógra a Dó

1 Cad deirtear faoin aimsir?

2 Céard ann a mbeidh dúil ag daoine?

3 Ainmnigh an dá shórt lomaire faiche a luaitear.

4 Cén tagairt a dhéantar do thoitíní?

## CUID B

**Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.**

### Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

1 Cén aois Caoimhe?

2 Luaigh an cúrsa atá á dhéanamh ag Risteard.

3 Tabhair píosa amháin eolais faoin gclub óige.

An Dara Mír

1 Cé a thagann go dtí an ceantar sa samhradh?

2 Ainmnigh caitheamh amsire amháin atá ag Caoimhe.

### Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1 Cén sórt scoile ina bhfuil Daithí?

2 Cad deir sé faoi na múinteoirí?

3 Luaigh rud amháin a tharlódh dá mbrisfeadh Daithí rialacha na scoile.

An Dara Mír

1 Conas a éiríonn leis na daltaí san Ardteist?

2 Cén comórtas ar ghlac Daithí páirt ann?

## CUID C

**Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Aois an duine atá ar iarraidh | |
| Rud amháin a bhí á chaitheamh aige | |
| Áit óna raibh sé ag filleadh abhaile | |

### Píosa a Dó

1 Ainmnigh ceann amháin de na háiteanna a luaitear.

2 Mínigh cuspóir an chomórtais.

3 Luaigh rud amháin ar a leagtar béim ag an bhFéile.



© Gael Linn

# Cluastuiscint (CD 5) (Scríobh na freagraí i do chóipleabhar.)

## CUID A

**Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Ainm scoil Shorcha Uí Néill | |
| Lá a gcuirfear tús leis na ranganna | |
| Cineál amháin damhsa a bheidh á chleachtadh | |
| Rud a bheidh ar siúl oíche Dhomhmaigh | |

### Fógra a Dó

1 Cé a d'eisigh an fógra seo?

2 Cad tá á fhógairt acu?

3 Luaigh tréith amháin a bheadh ina bhuntáiste ag iarrthóirí.

4 Cathain is gá iarratais a bheith curtha isteach?

## CUID B

**Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.**

### Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

1 Céard a bheidh ar siúl ag an deireadh seachtaine?

2 Cad chuige nach mbeidh Gráinne ann?

3 Tabhair píosa amháin eolais faoin dráma.

An Dara Mír

1 Luaigh an bhaint a bheidh ag Uachtarán na hÉireann le himeachtaí an deireadh seachtaine.

2 Cad deir Micheál faoi chaighdeán Gaeilge an Uachtaráin?

### Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1 Ainmnigh an clár a bhí ar siúl ar an teilifís.

2 Cad deir Ailbhe faoi lár na cathrach?

3 Céard a deir Seoirse faoi na príosúin?

An Dara Mír

1 Mínigh a raibh le rá ag Seoirse faoi chúrsaí foréigin.

2 Cad ba chóir do Choimisinéir na nGardaí a dhéanamh, dar le hAilbhe?

## CUID C

**Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/ teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.**

### Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Aois na ndaltaí ar na cúrsaí | |
| Athrú chun na maitheasa a tharla anuraidh | |
| Rud amháin a deir tuismitheoirí | |

### Píosa a Dó

1 Ainmnigh an áit ina raibh an fhéile ar siúl.

2 Cén contae ina bhfuil na Cruacha Dubha?

3 Cárbh as do na damhsóirí seitrince?

© Gael Linn

# Deagóir airdeallach!

Thug Diarmaid Ó Sé aghaidh ar an trá, gar dá theach. Cois farraige i gContae na Gaillimhe a chónaíonn Diarmaid, déagóir atá san idirbhliain. Faoi mar a tharla, bhí drochaimsir ann le seachtain roimhe sin – báisteach throm, gaoth fheannaideach, scamaill dhubha, toirneach, tintreach agus tuilte! Bhí muintir an tsráidbhaile coinnithe ina dtithe, tinte móna ar lasadh acu agus gan deis acu bualadh amach faoin aer in aon chor.



Ansin, maidin Domhnaigh tháinig athrú ar an aimsir. Stad an bháisteach agus d'éirigh grian lag geal amach sa spéir. Léim Diarmaid amach as an leaba, chuir cóta agus scairf air, thug sliotar leis – agus síos leis féin agus a mhadra, Bran, go dtí an gaineamh mín. Bhí an-chraic ag Bran ag rith i ndiaidh an tsliotair gach aon uair a chaith Diarmaid uaidh é.

Bhí go maith is ní raibh go holc go dtí gur fhéach an buachaill amach ar na tonnta arda ag teacht isteach, ceann i ndiaidh a chéile. Ansin, gan choinne, chonaic sé fear san fharraige, a lámha á gcroitheadh in airde go fíochmhar amach as an uisce aige. Cheap Diarmaid go raibh an aimsir rógharbh don snámh – agus thuig sé láithreach go raibh an snámhaí i mbaol a bháite!



Ní fhéadfadh sé féin cabhrú leis, ach thóg sé amach a ghuthán póca agus glaoigh ar na seirbhísí tarrthála. Bhí an fear bocht san uisce ag screadaíl in ard a ghutha. "Cabhair! Cabhair!" a bhéic sé.

Níorbh fhada gur chualathas torann innill agus céard a bhí thuas sa spéir ach héileacaptar! Tháinig fear anuas as béal an héileacaptair – éide oráiste agus clogad air. Íslíodh é ar rópa go dromchla na dtonnta. D'éirigh leis crios a cheangal de chorp an tsnámhaí agus ardaíodh iad beirt isteach sa héileacaptar.

As go brách leo go hOspidéal na hOllscoile, Gaillimh ansin!



A fhad is a bheidh féar ag fás, beidh cuimhne ag Diarmaid ar an lá a shábháil sé an snámhaí ó bhás.


Dála an scéil, is mise Diarmaid!

## Gluais

**airdeallach = aireach** *alert* **tuile** *flood*
**clogad = hata crua** *helmet* **coinnigh = coimeád**
**feannaideach = feanntach, garbh**
**tarrtháil = sábháil** **dromchla = barr** *surface*
**snámhaí = duine ag snámh**

## Crosfhocal beag duit!

(bunaithe ar sn scéal thuas)



**Trasna**

6 hata crua (6)
4 ar chor ar bith, in aon _____ (4)
7 liathróid iomána (7)
8 áis chodlata (5)

**Síos**

2 barr, uachtar (8)
3 seans (4)
5 sruth mór uisce (5)
6 solas sa spéir (5)

Freagraí ag deireadh na caibidle!



© Gael Linn

# Scannán Stairiúil

Hóra, a Cháit!

Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Táimid ar fad ag treabhadh linn anseo ar an Tulach Mhór. Maidir liom féin, tá mé tinn tuirseach den drochaimsir agus den ghruaim ar fad. Ní fheicimid ach báisteach agus fuacht lá i ndiaidh lae! Tá mé féin ag dréim go mór le hathrú aimsire. Ar a laghad, tá na hoícheanta ag éirí níos giorra agus na laethanta níos faide anois. Is aoibhinn liom an pheil, ach uaireanta bím fliuch báite ag deireadh an chluiche.



Cogar, conas tá ag éirí leat le do bhuachaill, Cormac? Chuala mo Mham ó do Mham go raibh timpiste aige agus gur bhris sé a rúitín. An bhfuil biseach air fós? An bhfuil sé in ann siúl gan na maidí croise fós? Bíodh sin mar atá, fan go gcloise tú mo chuid nuachta!

Dé Sathairn seo caite d'fhan mé féin agus mo chairde sa bhaile. Cheannaíomar sceallóga prátaí, burgair agus milseáin agus shuíomar síos os comhair na teilifíse ag féachaint ar an scannán, *Belfast*, le Richard Brannagh.

Tá an scéal suite i mBéal Feirste le linn na dtrioblóidí fadó. Tá cur síos iontach ann ar shaol na cathrach, trí shúile buachalla óig. Feiceann sé na gunnaí agus an foréigean ar fad sa chathair.

Is siúinéir é a athair, ach mar gheall ar ghanntanas oibre i mBéal Feirste, tá air dul ag tóraíocht oibre in Coventry, Sasana. Teaghlach bocht iad agus saol crua acu.

Glacann Judy Dench páirt na seanmháthar agus is é Ciarán Hinds atá i bpáirt an tseanathar. Scannán iontach é agus déantar cur síos ann ar thuismitheoirí an bhuachalla ag troid is ag argóint faoi seo is faoi siúd. Sa deireadh faigheann an seanathair bás d'ailse.



Ansin bogann an teaghlach go Sasana chun tús a chur le saol nua ann. Cé gur scannán brónach é *Belfast*, tá sé lán de ghreann agus de gháire leis. Bhaineamar go léir an-taitneamh go deo as.

Bhuel, a Cháit, sin a bhfuil! Déan d'obair bhaile go léir agus bí i do chailín maith! Níl a fhios agam cathain a fheicfimid a chéile arís. Le linn an tsamhraidh, b'fhéidir? Cá bhfios!

Idir an dá linn tabhair aire mhaith duit féin agus abair le gach duine go raibh mé ag cur a dtuairisce.

Slán tamall!

Madailín.

## Gluais

**hóra** *hi, hello* **ag treabhadh linn** *plodding along*
**ag dréim le = ag súil le** **maide croise** *crutch*
**go gcloise tú = go gcloisfidh tú**
**foréigean = lámh láidir** *violence*
**gruaim = duairceas** *gloom*
**ag tóraíocht = ag cuardach**
**ailse** *cancer* **cá bhfios!** *who knows!*

## Tasc duit!

- Scríobh alt dar teideal *Scannán a chonaic mé le déanaí.*
- Bíodh cur síos síos gairid ar an scannán san alt sin agat.
- Tar éis duit an t-alt a scríobh, tabhair insint ghairid, i d'fhocail féin, don rang ar ar tharla sa scannán.

© Gael Linn

# Conáilte!

**Stiofán:** Conas tá tú, a Pháid?

**Páid:** Tá mé conáilte leis an bhfuacht, a mhic. Agus bhí mé préachta aréir fosta.

**Stiofán:** Cad chuige, a Pháid?

**Páid:** Na billí gáis agus leictreachais! Tá córas teasa gáis againn agus ní bhíonn sé ar siúl anois ach ar feadh leathuair an chloig ar maidin agus uair an chloig istoíche, a Stiofáin.

**Stiofán:** Ní úsáidimidne gás a thuilleadh!

**Páid:** Wow! Cad a dhéanann sibh, mar sin?



**Stiofán:** Lasann Mam tine mhór ghuail gach tráthnóna ag am dinnéir.

**Páid:** Agus an leor sin, a Stiofáin?

**Stiofán:** Is leor, a Pháid – nuair a fhanann an seisear againn sa seomra suí an oíche ar fad!

**Páid:** Tá muidne chun tine a chur síos sa seomra suí ón Luan seo chugainn freisin. Mura mbímid sásta leis sin beidh orainn cótaí a chur orainn agus dul chuig seomra éigin eile – é sin nó dul a luí!

**Stiofán:** Dheirea, ní fada uainn an samhradh anois, a Pháid. Beimid ceart go leor ansin.

**Páid:** Tá an ceart ar fad agat, a Stiofáin!

**Stiofán:** Cogar, a Pháid! An bhfuil aon phlean agat don Satharn?

**Páid:** Tá an teach chomh fuar le reilig. Mar sin, tá mé chun cúpla uair an chloig a chaitheamh san ionad siopadóireachta agus ansin sa leabharlann. Beidh an dá áit sin deas te.

**Stiofán:** Nach tusa an boc glic! Rachaidh mé in éineacht leat, mar sin!

## Gluais

**conáilte = préachta leis an bhfuacht**

**córas teasa** *heating system*

**a thuilleadh** *any more*

# Ré Úr sa Ríocht!




Ní raibh Stefan Okunbor ach trí bliana d'aois nuair a bhog a thuistí go hÉirinn. B'as an Nigéir a athair, Mike, agus as Poblacht na Moldóive a mháthair, Lidia. D'imir sé sacar i dTrá Lí agus é ag fás aníos agus bhí baint aige le rásaíocht trastíre agus le ráibeáil leis.

Agus é seacht mbliana déag d'aois, thosaigh sé ag imirt peil ghaelach lena chéad chlub, Na Gaeil. Agus, cé go mbíodh fadhbanna beaga aige ó am go chéile de bharr dhath a chraicinn, ceapann Stefan go bhfuil dul chun cinn mór déanta sna cúrsaí sin in Éirinn anois. Deir sé gur chabhraigh Cumann Lúthchleas Gael leis a bheith cairdiúil le muintir Thrá Lí thar na blianta. Tá glúin úr ag teacht chun cinn agus is glúin oscailte leathanaigeanta iad, a deir sé.

Bhí Stefan ar fhoireann mhionúr Chiarraí a bhuaigh Craobh na hÉireann sa bhliain 2016. Bhog sé go dtí an Astráil ina dhiaidh sin, áit ar chaith sé seal ag imirt le club *AFL*, *Geelong Cats*. D'fhill sé ar Éirinn sa bhliain 2021, ach faraor, ghortaigh sé a ghualainn agus níor tháinig biseach air in am chun áit a fháil ar phainéal Chiarraí don bhua mór ar Ghaillimh anuraidh. Má fhaigheann sé áit ar an bpainéal arís, ba bhreá leis imirt i lár na páirce don Ríocht. Go n-éirí go geal leis!

## Gluais

**ráibeáil** *sprinting* **leathanaigeanta** *broad-minded*

## Cúpla tasc duit!

**Scríobh alt gairid ar cheann amháin de na hábhair seo.**

- An laoch spóirt is fearr liom
- An chaoi a gcabhraíonn an spórt le daoine óga



© Gael Linn

# Áit faoi leith

Tháinig deireadh leis an oighearaois in Éirinn thart ar 12,000 bliain ó shin. Nuair a thosaigh na hoighearshruthanna ag leá, fágadh bolláin, coirthí agus carraigeacha corra oighreacha ina luí ar fud na háite.



Tá nithe mar sin le feiceáil fós i mBoirinn, Contae an Chláir. Tá an tírdhreach san áit sin clúdaithe le haolchloch. Nuair a tháinig daoine go Boirinn 6,000 bliain ó shin, bhí an áit clúdaithe le crainn – dair, fuinseog agus coll den chuid ba mhó – agus iad ar fad ag brath ar chlúdach tanaí cré.

Ghlan na chéad fheirmeoirí na crainn ar fad amach as an áit chun barraí agus glasraí a fhás, ach b'obair in aisce dóibh í. Sula i bhfad scuab an ghaoth a shéid isteach ón bhfarraige mhór an cré ar fad chun siúil. Ba ar an gcaoi sin a cruthaíodh an ceantar aolchlochach atá ann anois.



Nuair a thug na feirmeoirí na cosa leo, thosaigh flóra – plándaí is bláthanna – ag fás ar fud na háite. Anuas ar an bhflóra sin, bíonn ainmhithe (fána) – madraí rua, ioraí rua agus gabhair fhiáine ag iníor ann ó mhaidin go hoíche. Tá an bláth álainn sin, an magairlín, le feiceáil i mBoirinn. Tá 27 saghas magairlíní in Éirinn agus 25 díobh ag fás i mBoirinn!






Tagann an-chuid turasóirí chun ná háite. Meallann an ceol, na haillte, na hoileáin, an fharraige, an oidhreacht agus an fháilte a chuirtear rompu ó chian is ó cóngar iad. Is fearr le muintir an cheantair cuairteoirí a chaitheann cúpla lá nó cúpla seachtain san áit – seachas cuairteoirí aon lae. Ní fiú turas lae, a deir siad. A léitheoir, mholfainn duitse seal a chaitheamh i mBoirinn – nó *sa Bhoireann*, mar a deirtear i gcaint na ndaoine.!

## Gluais

**oighearaois** *ice age* **oighearshruth** *glacier*
**leáigh** *melt* **bollán = mullán** *boulder*
**coirthe = stollaire** *standing-stone*
**corr (aidiacht) = biorach** *pointed* **coll** *hazel*
**tírdhreach = radharc tíre** *landscape*
**aolchloch** *limestone* **dair** *oak* **fuinseog** *ash*
**in aisce = amú** *in vain* **fána** *fauna*
**iora rua** *red squirrel* **iníor = innilt** *grazing*
**magairlín** *orchid* **aill = éadan géar carraige** *cliff*
**oidhreacht = dúchas** *heritage*

## Crosfhocal beag deacair daoibh!




**Trasna**
1 obair amú, obair in _____ (5)
4 crann íseal a bhfásann cnónna air (4)
5 crann mór láidir (4)
8 ceantar turasóireachta in iarthar na hÉireann (7)

**Síos**
2 ainmhí beag, _____ rua (5)
3 carraig mhór gharbh, mullán (6)
6 ar féarach, ag innilt, ag _____ (5)
7 biorach, le pointe géar (4)

Freagraí ag deireadh na caibidle!

© Gael Linn

# Fainic! Mac tíre!



In Asturias, i dtuaisceart na Spáinne, seans maith go bhfeicfidh cuairteoirí mac tíre nó faolchú ag fánaíocht thart ó am go chéile. Is ceantar sléibhe é Asturias agus baineann filleadh an ainmhí allta ar an áit álainn sin le scéim athbhunaithe speiceas san fhiántas. Mar chuid den scéim sin, ligtear d'ainmhithe a bhí sa cheantar na céadta bliain ó shin fillleadh ar a bhfód dúchais.

Tráth dá raibh, bhíodh fuath ag feirmeoirí do mhic tíre toisc go maraídís caoirigh, ba agus ainmhithe feirme eile. Tá feirmeoirí fós ag marú faolchúnna, gníomh a théann glan ina gcoinne siúd atá ag obair ar son chaomhnú na timpeallachta.



Creidtear go forleathan nach bhfuil ach tuairim is 250 faolchú fágtha in Asturias anois. Ach tá cúis eile le filleadh na madraí allta ar an Spáinn agus baineann sé leis an ngalar marfach, eitinn. Tá toirc go flúirseach i sléibhte Asturias agus deirtear go n-iompraíonn siad an galar, eitinn, leo. Ní hamháin sin, ach tolgann ba an eitinn ó na toirc. Ar an taobh eile den scéal, is minic a mharaíonn faolchúnna na toirc agus, dá bhrí sin, tugann siad cosaint éigin do na ba!

De réir fianaise ó na Stáit Aontaithe, sábhálann faolchúnna airgead don stát agus d'fheirmeoirí – sa mhéid is go gcuireann siad bac ar líon na dtorc agus, go hindíreach, go gcuireann siad srian le leathnú na heitinne!



Creideann an-chuid eolaithe gur maith an ní é filleadh na madraí allta. In Éirinn is iad na fianna Seapánacha is mó a tholgann agus a scaipeann eitinn i measc bó. Is bréa leis na mic tíre na fianna seo mar chreach. Anuas air sin milleann an fia Seapánach coirt na gcrann sna foraoiseacha is sna coillte ar fud na tíre. Tá tacaíocht nach beag ag an smaoineamh sin, filleadh na madraí allta, in áiteanna mar Chontaetha Chill Mhantáin, Chiarraí agus Mhaigh Eo. An bhfeicfimid an mac tíre in Éirinn arís? Déarfainn é!



## Gluais

**fainic** *beware*
**faolchú = mac tíre = madra allta** *wolf*
**fánaíocht** *wandering* **creach** *plunder, prey*
**athbhunú** *re-establishment*
**allta = fiáin** **fiántas = áit fhiáin** *wilderness*
**caomhnú = forchoimhéad** *preservation*
**eitinn** *tuberculosis* **torc = muc fhiáin**
**tolg = forbair** *contract, develop* **fia** *deer*
**coirt = craiceann crainn** *bark*

## Tascanna duit!

1. Déan taighde ar an idirlíon faoin mac tíre in Éirinn fadó.
2. Tarraing pictiúr de mhac tíre.
3. Déan suirbhé sa rang faoi dhearcadh daltaí maidir le filleadh an mhac tíre ar Éirinn.
4. An bhfaca aon duine sa rang mac tíre riamh agus iad ar saoire thar lear? Scríobh alt faoi sin.


© Gael Linn

# Céad Ghrá (Scannán)

(Tá an ceacht seo bunaithe ar an ngearrscannán *Céad Ghrá* atá le feiceáil ar:
Céad Ghrá | Short Film | Gearrscannáin as Gaeilge – YouTube)

## Sula mbreathnaíonn tú ar an scannán!

- Is scéal é seo faoi bheirt dhéagóirí óga agus iad ag lorg grá den chéad uair.
- Tá go leor scannán agus amhrán ann a bhfuil téama an ghrá iontu. Mar rang, déanaigí plé ar na cinn is fearr libh.
- Uaireanta, bíonn sé deacair do bhuachaillí iarraidh ar chailíní siúl amach leo. Déanaigí plé gairid sa rang ar na bealaí is fearr chun ceist a chur ar dhaoine ar mhaith libh siúl amach leo.
- An oibríonn briathra meala (*chat-up lines*)? Bíodh spraoi agaibh agus déanaigí iarracht cúpla ceann a chumadh i nGaeilge!

**Beidh na focail agus na frásaí sa ghreille thíos le cloisteáil agaibh le linn an scannáin. Meaitseálaigí na focail (ar chlé) ón scannán leis an mbrí cheart (ar dheis).**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | tá dúil aici ionainn | A | bhí faitíos orm |
| 2 | a leithéid de bhean álainn | B | go breá |
| 3 | boladh cumhra | C | cailín an-deas |
| 4 | bhuail eagla mé | D | is maith léi muid |
| 5 | chomh mór le chéile le dhá cheann capaill | E | cad tá ar siúl agaibh? |
| 6 | cad tá ar bun agaibh? | F | an-chairdiúil le chéile go deo |
| 7 | togha | G | cumhracht |

## Ag breathnú ar an scannán!

**Féachaigí ar an scannán ó thús deireadh.**

- Cén tuairim atá agaibh faoin scannán seo? (suimiúil, greannmhar, brónach, páistiúil, etc.)
- Luadh gach duine agaibh rud amháin a thaitin leat faoin scannán agus rud amháin nár thaitin leat.

**Féachaigí ar an scannán arís agus freagraígí na ceisteanna seo.**

1 Cén cluiche atá á imirt ag na buachaillí?
2 Conas a bhí a fhios ag na buachaillí go raibh dúil ag Lisa iontu?
3 Cad é an rud is fearr le Colm faoi Lisa?



4 Cad é an rud is fearr le Dónal faoi Lisa?
5 Cén cheist ar mhaith leis na buachaillí a chur ar Lisa?
6 Cad tá ag teastáil ó Jamie sula ligfidh sé na buachaillí isteach sa teach?
7 Cad tá ag athair Dhónail d'Oíche na Seanbhliana?
8 Cén fáth a dtosaíonn Colm ag damhsa?
9 Cad iad na rudaí a thug Dónal leis chuig Teach Lisa? Cén fáth?
10 Cad tá ar siúl ag Jamie sa ghairdín?
11 Cén fáth, dar leat, a bhfuil tinte ealaíne ann ag an deireadh?

## Obair Aonair
## Machnamh ar an scannán!

**Nuair nár roghnaigh Lisa Colm, dúirt Jamie leis: "Tá iasc san fharraige nár gabhadh fós" agus thug Colm an freagra, "Ní maith liom iasc."**




- I do thuairim, cad tá i gceist leis an bpíosa comhrá sin?
- An dóigh leat go bhfuil grá aimsithe ag Colm ag deireadh an scannáin?

## Bí cruthaitheach!

**Anois agus machnamh déanta agat ar an scannán, roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí thíos chun a bhfuil foghlamtha agat a léiriú.**

- Cruthaigh póstaer le crochadh sa scoil ar an téama *Grá do gach duine*.
- Scríobh script agus léirigh sceitse gairid a bhfuil téama an ghrá ann.
- Cruthaigh méim (*meme*) bunaithe ar an scannán seo.
- Scríobh dán nó amhrán faoin ngrá.
- Scríobh léirmheas ar an scannán do shuíomh idirlín na scoile.
- Samhlaigh gur tuairisceoir thú agus go bhfuil agallamh á chur agat ar Cholm. Scríobh an comhrá a bheadh agaibh le chéile.

© Gael Linn

# Éacht Damien!

D'imigh beirt Éireannach ó Manhattan ar 14 Meitheamh anuraidh agus iad ag tabhairt faoi thuras fada go hÉirinn. Ní turas eitleáin a bhí i gceist – ná turas ar long chúrsála ach oiread. Níorbh ea ar chor ar bith!



Ar aghaidh le Damien Browne agus Fergus Farrell amach san Atlantach i mbád beag. Sé go leith méadar ar fad agus méadar amháin ar leithead a bhí an bád. Ba é an plean a bhí acu ná imeacht leo ag rámhaíocht trasna an Aigéin Atlantaigh go hÉirinn sa bhád sin.

Bhuail drochthinneas Fergus ar an turas, faraor, agus bhí ar héileacaptar é a ardú amach as an mbád agus a thabhairt ar ais go Meiriceá chun cóir leighis a chur air.

Ar éirigh Damien as an aistear freisin? A mhalairt ar fad! Lean sé air ina aonar agus níor shroich sé Éire go ceann 112 lá. Bhí go leor deacrachtaí aige agus ba mhinic, sula raibh oiread is míle amháin d'fharraige curtha de aige ag an tús, a shéid an ghaoth ar ais i dtreo Mheiriceá é!

Bhí sé láidir agus cróga, áfach, agus, thar aon ní eile, diongbháilte. Ba é an plean a bhí aige ná dul isteach ag rámhaíocht go Cuan na Gaillimhe. Ach nuair a shroich sé cósta na hÉireann ar an gceathrú lá de Dheireadh Fómhair, d'éirigh an fharraige an-gharbh agus tarraingíodh an bád isteach ar na carraigeacha. Ar deireadh thiar, tháinig na seirbhísí tarrthála i gcabhair air. Bhí sé in Éirinn, pé scéal é, agus cé a déarfadh nach raibh éacht déanta aige? Gura fada buan thú, Damien!


## Gluais

**long chúrsála** *cruise ship*
**diongbháilte = seasmhach** *steadfast*
**cóir leighis** *medical treatment*

**Léigí na habairtí thíos agus abraigí an bhfuil siad fíor nó bréagach. Má tá bréagach, abraigí an leagan fíor agus breacaigí síos é.**

1 D'fhág Damien agus a chara Meiriceá i mbád seoil.
2 Theastaigh cóir leighis ó Fergus nuair a bhí an bheirt acu amuigh ar an Atlantach.
3 Chaith Damien os cionn céad lá ar an bhfarraige.
4 Ní raibh aon deacracht aige leis an aimsir.
5 Is duine lag é Damien.
6 Ní raibh mórán spáis ag Damien sa bhád.
7 Tháinig an bheirt mhairnéalach i dtír gan stró.

## Crosfhocal daoibh!




**Trasna**

1 mo bhrón! ochón! (6)
5 áit i Meiriceá (9)
8 fad ó thaobh go taobh (8)
9 39.37 orlach (6)
10 dána, gan eagla (5)
11 imeall na farraige (5)

**Síos**

2 farraige mhór, An tAigéan _____ (9)
3 bád a thiomáint le maidí rámha (10)
4 an bhliain seo caite (8)
6 aistear (5)
7 cúram sláinte, cóir _____ (7)

## Bliain den scoth!



Níl aon cheist faoi ach go raibh bliain iontach anuraidh ag Baile Átha Troim, Contae na Mí.


© Gael Linn

Fiche is a cúig bliana ó shin rinneadh radhairc as an scannán *Braveheart* san áit. Ar ndóigh, roghnaíodh Baile Átha Troim mar ionad don scannán sin toisc caisleán iontach a bheith ar bhruach na habhann ann. Tá áilleacht faoi leith ag baint le hAbhainn na Bóinne agus í ag sníomh tríd an mbaile, taobh leis an gcaisleán maorga.

Le linn an tsamhraidh anuraidh rinneadh comóradh ar *Braveheart*, nuair a eagraíodh imeachtaí éagsúla san áit. Ba é buaicphointe an chomórtha sin ná an puball mór a tógadh mar phictiúrlann chun an scannán a thaispeáint arís. Ina measc siúd a bhí i láthair, bhí roinnt daoine áitiúla a ghlac páirt sa scannán mar aisteoirí!

I Mí Dheireadh Fómhair bhí ábhar mór eile comórtha ag Baile Átha Troim. Ag searmanas do Chomórtas na mBailte Slachtmhara bronnadh gradam iontach ar an mbaile. Ainmníodh an áit mar an Baile is Glaine in Éirinn!

Chuir coiste ón mbaile isteach ar an gcomórtas den chéad uair sa bhliain 1959 agus ba í seo an ceathrú huair ar bronnadh an gradam náisiúnta ar Bhaile Átha Troim. Contae na Mí abú!

### Gluais

**maorga = ríúil** *majestic*
**comóradh = ceiliúradh** **puball = tint** *tent*
**coiste** *committee* **buaicphointe** *climax*
**searmanas = ceiliúradh** *ceremony*

### Léigí na habairtí thíos agus, i ngach cás, abraigí an bhfuil an abairt fíor nó bréagach. Má tá sí bréagach abraigí an leagan fírinneach.

1 Tá Baile Átha Troim i gContae Luimnigh.
2 Rinneadh cuid den scannán *Braveheart* i mBaile Átha Troim.
3 Rinneadh an scannán *Braveheart* fiche is a cúig bliana ó shin.
4 Fostaíodh daoine ó cheantar Bhaile Átha Troim mar aisteoirí breise in *Braveheart*.
5 I Mí Dheireadh Fómhair bhí ábhar mór eile comórtha ag Baile Átha Troim.
6 Ainmníodh an baile mar an Baile is Saibhre in Éirinn.
7 Níor bronnadh an gradam riamh roimhe seo ar Bhaile Átha Troim.
8 Cuireadh tús le Comórtas na mBailte Slachtmhara in Éirinn sa bhliain 1959.

## Airgead i dtaisce



Ar cheannaigh tú deoch i mbuidéal plaisteach nó i gcanna riamh? Céard a rinne tú leis an gcanna nó leis an mbuidéal folamh? Go dtí seo in Éirinn chaitheadh an-chuid daoine amach leis an mbruscar iad. Ar ndóigh, tá daoine áirithe ann a dhéanann athchúrsáil orthu sa bhaile, ach is scéal eile é nuair a bhíonn siad as baile – cois trá nó sna coillte!

Le fada an lá tá scéim in dhá thír déag san Eoraip agus ina lán tíortha eile ar fud an domhain chun daoine a mhealladh i dtreo na hathchúrsála. Íoctar breis airgid ar an deoch nuair a cheannaítear í, ach tugtar an t-airgead breise sin ar ais nuair a dhéantar athchúrsail ar an gcoimeádán. Tá sé ar nós airgead a bheith i dtaisce againn!

Faoi dheireadh tá tús curtha le scéim den chineál sin in Éirinn agus, de réir a chéile, beidh níos mó deiseanna againn airgead a fháil ar ais ar choimeádáin. Cuirfear meaisíní ar leith isteach in ollmhargaí agus i siopaí agus nuair a dhéanfar an athchúrsáil, beidh airgead ar fáil. Ar ndóigh, beidh deis ag daoine airgead a fháil ar ais ar bhuidéil nó ar channaí folamha a aimsíonn siad áit ar bith sa cheantar!

### Gluais

**i dtaisce** *in safe keeping*
**coimeádán = gabhdán** *container*

### Léigí amach na ceisteanna thíos os ard agus déanaigí na freagraí atá agaibh a phlé le chéile.

1 Ar cheannaigh tú deoch i gcanna nó i mbuidéal plaisteach riamh?
2 Céard a rinne tú leis an gcoimeádán tar éis duit an deoch a ól?
3 An gceapann tú gur smaoineamh maith é breis airgid a íoc ar an deoch nuair a cheannaíonn tú í agus an t-airgead sin a fháil ar ais nuair a dhéanann tú athchúrsail uirthi?

© Gael Linn




4 An dóigh leat go meallfaidh an scéim seo níos mó daoine chun athchúrsail a dhéanamh ar bhuidéil agus ar channaí?

5 An meallfaidh an scéim thú chun cannaí/buidéil a phiocadh suas agus a thabhairt chuig meaisín athchúrsála chun airgead a fháil orthu?

# Corca Dhuibhne

Go deimhin, is áit faoi leith í Corca Dhuibhne, Contae Chiarraí. Deirtear gurb í an paróiste is gaire do Mheiriceá ón tír seo í. "An chéad stop eile Nua-Eabhrac," a deir daoine agus iad ag féachaint amach i dtreo na farraige.



Is beag áit sa tír atá chomh hálainn le Corca Dhuibhne. Ní haon ionadh, mar sin, go dtagann na mílte turasóirí go hiarthar Chiarraí! Tá an fharraige, sléibhte, radhairc dhochreidte, bealaí iontacha siúlóide agus tránna áille ann. Chomh maith leis sin, is ceantar Gaeltachta í – agus pobal cairdiúil, fáilteach ann.

Is féidir oileáin dheasa a fheiceáil ón mórthír ann – ina measc an Blascaod Mór agus Inis Tuaisceart. *An Fear Marbh* marbh an leasainm atá ar Inis Tuaisceart mar, ag féachaint amach uirthi ón mórthír, tá cuma dhuine ar leaba a bháis uirthi.

Tá draíocht faoi leith ag baint le Trá Chom Dhíneol. Is beag duine a d'fheicfeadh an trá sin agus nach mblaisfeadh den draíocht a bhaineann léi. Ar ndóigh, tagann an-chuid turasóirí go hIonad an Bhlascaoid Mhóir leis – agus tugann a lán díobh cuairt ar an mBlascaod Mór féin – an t-oileán is mó dá bhfuil radharc air ón gcósta.

## Gluais

**mórthír = míntír** *mainland*

## Obair bheirte

**Sa ghreille thíos tá roinnt téarmaí a bhaineann le ceantar Chorca Dhuibhne. An féidir libh iad a mheaitseáil le chéile?**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | oileán | A | áit ghainmheach |
| 2 | trá | B | trá dhiamhair |
| 3 | radharc | C | Inis Tuaisceart |
| 4 | Ionad an Bhlascaoid Mhóir | D | An paróiste is gaire do Mheiriceá |
| 5 | Trá Chom Dhíneol | E | inis |
| 6 | An Fear Marbh | F | áit speisialta |
| 7 | Corca Dhuibhne | G | músaem eolais |
| 8 | áit faoi leith | H | amharc, feic |

# Marcach! Rinceoir! Cóitseálaí!




Is as Contae na Mí do Nina Carberry – agus cáil uirthi féin agus ar a teaghlach mar mharcaigh. Marcach ba ea a hathair agus tá beirt deartháireacha aici ar bronnadh gradaim orthu ar na capaill freisin. Is iomaí rás a bhuaigh Nina féin ó bhí an chéad bhua aici in Cheltenham sa bhliain 2005. Lean sí uirthi ag rásaíocht go dtí an bhliain 2017. D'éirigh sí as an rásaíocht ag an bpointe sin,


© Gael Linn

mar ba mhaith léi ní ba mhó ama a chaitheamh lena hiníon. Anois tá beirt iníonacha aici agus tá sí an-bhródúil astu. Anuraidh ghlac sí páirt sa chlár teilifíse *Dancing with the Stars*. Ba é an damhsóir cáiliúil, Pasquale Rocca, a páirtnéir sa seó agus chuir sí a croí is a hanam isteach san obair chun na damhsaí nua a fhoghlaim. B'fhiú é! Bhain sí féin agus Pasquale an chéad áit amach sa chomórtas! Nárbh uirthi a bhí an ríméad!

Tamall ina dhiaidh sin, bhí deis ag an bpobal Nina a fheiceáil arís, nuair a ghlac sí páirt in *Ireland's Fittest Family* ar RTÉ a hAon. Cé gur cheap sí go n-oirfeadh an dúshlán sin di, ní mar a shíltear bhítear! Níor éirigh leis na teaghlaigh a bhí faoi stiúir Nina an chraobh a bhaint amach. Ach bhain sí taitneamh as a ról mar chóitseálaí, pé scéal é.

## Crosfhocal daoibh!




(Freagraí ag deireadh na caibidle.)

**Trasna**

3 duine baineann clainne (5)
4 líon tí (9)
6 rinceoir (8)
8 mórtasach, uaibhreach (7)
10 duine ar muin capaill (7)
11 aitheantas, onóir, duais (6)

**Síos**

1 clú (4)
2 an bhliain seo caite (8)
5 sloinne Nina (8)
6 seans (4)
7 díol tairbhe, díol luacha (3)
9 áthas mór, lúcháir (6)

# Uisce ag titim anuas orainn!



Is dócha nach ceart go gcuirfeadh sé iontas ar dhuine ar bith in Éirinn a chloisint go bhfuil an-chuid focal sa Ghaeilge a dhéanann cur síos ar an uisce a thiteann anuas ón spéir orainn. Tá deich bhfrása thíos a bhaineann le báisteach. Cé mhéad díobh atá cloiste agat?

## An féidir libh cur leis an liosta?

1 ag cur báistí
2 ag cur fearthainne
3 ag cur
4 ag stealladh báistí
5 ag gleadhradh báistí
6 ag doirteadh báistí
7 ag doirteadh fearthainne
8 tá sé ina dhíle bháistí
9 tá sé ina thuile bháistí
10 ag clagarnach báistí



© Gael Linn

# Gealladh Faoi Evan!



**"Tá sé an-óg agus níl aon dabht nach bhfuil mórán cluichí imeartha aige, ach tá sé sár-chumasach" arsa Stephen Kenny agus é ag caint le déanaí faoi Evan Ferguson. "Scórálann sé cúil go nádúrtha."**

Tá Ferguson chomh maith sin go bhfuil seans go mbeidh sé ag imirt ar son na hÉireann i gCorn UEFA Euro 2024. Ag deireadh na bliana seo caite ainmníodh é le himirt ar son na hÉireann i gcluichí dúshláin i gcoinne na hIorua agus mar ionadaí i gcoinne Mhálta. Roimhe sin d'imir sé mar ionadaí do *Bohemians* i gcoinne *Chelsea* agus le *Brighton*, nuair nach raibh sé ach seacht mbliana déag d'aois. Scóráil sé a chéad chúl mar imreoir sinsearach don chlub céanna i gcoinne *Forest Green*.

Mar sin, tá go leor taithí ag an imreoir óg seo as Contae na Mí, nach bhfuil ach ocht mbliana déag d'aois! Beidh sé ina réalta amach anseo.

## Gluais

**tá gealladh faoi** *he shows promise*
**cluiche dúshláin** *challenge match*




**Líon isteach an t-eolas atá á lorg faoi Evan Ferguson sa ghreille ar dheis.**

| | |
|---|---|
| Céad ainm | |
| Sloinne | |
| Tír dhúchais | |
| A chontae | |
| Aimsigh ainm a bhaile dúchais agus téigh go logainm.ie chun Gaeilge a chur air. | |
| Aois anois | |
| Aimsigh a dháta breithe ar líne. | |
| Foirne go dtí seo | |
| Rud amháin a déarfá leis | |

# Aerfheithiclí gan chriú (Dróin)

Coimeád súil amach ar an spéir agus tú ag taisteal timpeall na háite, go háirithe má bhíonn tú i gceantar Bhaile Brigín, Contae Bhaile Átha Cliath, mar beidh dróin ag seachadadh earraí ann as seo amach! Deir an comhlacht nua a bhunaigh an gnó go bhfuil buntáistí móra ag baint leis an modh nua-aimseartha seo. Tá an tseirbhís ar fáil ar phraghas réasúnta. Tá sé glas agus sábháilte!

Faoi láthair is féidir caife, bia agus earraí leighis a ordú má íoslódálann tú an aip chuí. Íocann tú le do chárta bainc agus ansin pacáiltear na hearraí. Bailíonn an drón an pacáiste agus eitlítear é go dtí do theachsa. Trí nóiméad an méid ama a ghlacann sé, de ghnáth.



Tá céad míle seachadadh déanta in Éirinn cheana féin!

## Gluais

**seachadadh** *delivering*

## Ceisteanna duit!

- Ar eitil tú drón riamh?
- An bhfuil aithne agat ar éinne a fuair drón mar bhronntanas Nollag?
- Céard iad na rialacha a bhaineann le dróin sa tír seo? (Eolas ar fáil duit ag: www.iaa.ie/general-aviation/drones)


© Gael Linn

# An Siopa Caife is Fearr!



An dtaitníonn tósta le cáis leáite leat – nó, b'fhéidir, donnóg sheacláide le caramal saillte? An fearr leat na rudaí sin gan ghlútan?

Tá siad sin agus sólaistí blasta eile ar bhiachlár *Pota*, siopa caife sa Ghaeltacht, atá suite i mBaile na hAbhann, an áit chéanna ina bhfuil ceanncheathrú TG4 i gConamara. Rinne an t-úinéir, Diarmaid Ó Mathúna, a chuid traenála i Scoil Chócaireachta Bhaile Uí Mhaolmhuaidh, Contae Chorcaí sular oscail sé an siopa caife i Samhradh na bliana 2022.

Úsáidtear bia áitiúil, séasúrach agus orgánach agus athraítear an biachlár dá réir. Thug iriseoir ón nuachtán *The Irish Times* 'caife Éireannach foirfe' air. Anuas ar an moladh sin, bhuaigh an siopa an phríomhdhuais ag Gradaim *Food and Wine* thar chúig chaifé déag eile a bhí ar an ngearrliosta.

Tá an caifé suite i bhfoirgneamh le díon tuí agus is í Gaeilge amháin a labhraíonn an fhoireann ar fad ann!

## Gluais

**caifé** *café* **caife** *coffee*
**leáite** *melted* **donnóg** *brownie*
**saillte** *salted* **sólaistí = sócamas** *delicacies*

## Obair duit!

- Téigh chuig www.potacafe.com agus déan staidéar ar an suíomh.
- Déan amach do bhiachlár féin!

# Gealladh an ghealach di!

An rud is annamh is iontach, a deir an seanfhocal agus is fíor é sin i gcás Rhiannon Adam. Beidh an tÉireannach ar bord spásloinge a thabharfaidh cuairt ar an ngealach i mbliana, in éineacht le seachtar eile. *DearMoon* is ainm don mhisean agus is sibhialtaigh ar fad a bheidh ina bpaisinéirí air. Yusaku Maezawa, an billiúnaí Seapánach, a bheidh ag íoc as an turas, mar cheannaigh sé na ticéid ar fad, ocht gcinn díobh, a bhí ar fáil sa bhliain 2018. Tá an spáslong á tógáil faoi láthair ag comhlacht *SpaceX*, ar le Elon Musk é.

Is grianghrafadóir í Rhiannon. Chuir sí féin agus milliún daoine eile isteach ar an gcomórtas chun áit a bhuachan ar an misean! Cuireadh agallamh agus trialacha leighis uirthi agus d'fhreagair sí ceisteanna ó Maezawa faoina hóige agus faoina cuid aislingí maidir leis an spás. "Nuair a fuaireas amach gur roghnaíodh mé, chaoin mé," arsa Rhiannon, atá seacht mbliana is tríocha d'aois.



Beidh sí ar an gcéad bhean Éireannach chun an ghealach a fhithisiú. Samhlaigh na grianghraif a thógfaidh sí ann!

## Gluais

**sibhialtach** *civilian* **fithisigh** *orbit*

## Críochnaigh na habairtí seo le cabhair ó na focail ar dheis.

| | |
|---|---|
| Tá seanfhocal.... | Maezawa. |
| Beidh Rhiannon.... | ar Rhiannon nuair a bhuaigh sí áit ar an misean. |
| Beidh ochtar.... | sa sliocht. |
| Is billiúnaí é.... | an grianghrafadóir. |
| Is grianghrafadóir í.... | ar bord mar phaisinéirí. |
| Bhí ionadh an domhain.... | ag fithisiú na gealaí. |
| Is Éireannach í.... | Rhiannon. |

© Gael Linn

# Niamh an Chroí Mhóir (Scéal)



Bean óg sna fichidí ab ea Niamh. Bhí croí maith inti agus thug gach éinne é sin faoi deara. Agus í sa bhunscoil mhol a múinteoirí í de bharr a cineáltas agus a cuid foighne. Sa chéad bhliain ar an meán-scoil chabhraigh sí go mór le dalta nua ón Eoraip Béarla a thuiscint agus a labhairt. San idirbhliain bhuaigh sí an duais, *Dalta na Bliana*, as ucht a dea-spioraid ar scoil; agus, nuair a d'fhreastail sí ar an ollscoil, chaith sí tréimhsí ag obair go deonach san Afraic le linn an tsamhraidh.

An lá áirithe seo bhí Niamh ag siopadóireacht i gceann de na hionaid siopadóireachta ba mhó i gCeanada. Bhí thart ar chúig chéad siopa san ionad – chomh maith le linn snámha, loch bádóireachta, raon cairtíneachta agus óstán fiú! Shiúil sí ar fud na háite ag ceannach bronntanas le tabhairt abhaile tar éis a saoire i gCeanada. Cheannaigh sí dearbhán $100 don teaghlach lena raibh sí ag fanacht, cumhrán álainn dá seanmháthair, caipín haca oighir dá deartháir agus hata buí glé di féin. Cheannaigh sí bronntanais eile dá tuismitheoirí, do thriúr dá cairde agus dá hiníon baiste. Nuair a bhí sí spíonta amach on tsiúlóid go léir shuigh sí síos le haghaidh uachtar reoite. Bhí a cosa trí thine!

Leathuair an chloig ina dhiaidh sin, bhí Niamh ag fanacht lasmuigh den ionad siopadóireachta ag stad an bhus. Bhí go leor ama aici sula dtiocfadh an bus agus, mar sin, thosaigh sí ag cur eagair ar a cuid málaí. Ba bheag nár thit a hanam aisti nuair a thuig sí go raibh mála amháin in easnamh uirthi! An ceann ba luachmhaire freisin, an ceann leis an dearbhán $100! Céard ab fhéidir léir a dhéanamh?

Chas sí ar a sála chun filleadh ar an ionad siopadóireachta agus scaoll uafásach fúithi. Cá dtosódh sí? Bhí trí hurlár de shiopaí ann, gan trácht ar na bealaí difriúla chun dul isteach ar na hurláir go léir. Ní raibh seans dá laghad go dtioc-fadh sí ar an mála arís. cheap sí, ach bhí sí chun a seacht ndícheall a dhéanamh chun an mála a aimsiú.



Isteach léi ag an doras dearg agus cé a bhí ag teacht ina treo ach an fear an-ard a bhí ina shuí taobh léi, roimhe sin, ag an siopa uachtar reoite! A leithéid de chomhtharlú! Stop an fear Niamh. ag míniú di go raibh sí tar éis mála amháin a fhágáil ina diaidh faoin mbord nuair a d'imigh sí, ach nach raibh sé feicthe aige in am chun glaoch ar ais uirthi. Mhínigh sé do Niamh gur phioc sé suas an mála céanna agus gur thug sé don chéad chustaiméir eile é, a shuigh san áit chéanna ina raibh Niamh ina suí ní ba luaithe!

Níor chreid Niamh go bhféadfadh an mála a bheith fós ag an mbord sin agus duine ag tabhairt aire dó. Ach, b'in díreach an rud a tharla.

Nuair a d'fhill sí ar an mbord ceannann céanna, chonaic sí mála den sórt céanna ina raibh a dearbhán $100. Labhair sí leis an gcustaiméir, ag míniú gurbh i féin an duine a d'fhág an mála agus go raibh dearbhán $100 istigh ann, chomh maith le hata buí glé. Thuig an custaiméir sin láithreach gur luaigh Niamh na rudaí cearta a bhí sa mhála agus nach mbeadh an t-eolas sin ag éinne eile, seachas ag an duine a chaill é.

D'fhág Niamh an t-ionad siopadóireachta agus í ar mhuin na muice agus fíorbhuíoch go raibh daoine


© Gael Linn

macánta fós ag gabháil thart. An té a dhéanann maith, faigheann maith!

### Gluais

**raon cairtíneachta** *karting track*
**dearbhán** *voucher* **cumhrán** *perfume*
**scaoll = anbhá** *panic*
**comhtharlú** *coincidence*
**ceannann céanna** *very same*

## Súil chun tosaigh!



Tá suim léirithe ag Éirinn agus ag Sasana a bheith ag feidhmiú mar chomhóstaigh do Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa 2028. Má cheaptar na tíortha sin ina n-óstaigh, deirtear go mbeidh ceithre staid déag sa dá thír in úsáid, Staid Aviva agus Páirc an Chrócaigh san áireamh. Tá deich staid ar fad ag teastáil dar le rialacha UEFA agus ceaptar go mbeidh 32 fhoireann ag glacadh páirte in ionad 24. Tá ráflaí ann go mbeadh an cluiche ceannais i Staid Wembley, Sasana, ach níl aon ní cinntithe go fóill.

### Gluais

**óstach** *host*

**Taighder duit!**
**Déan staidéar ag www.avivastadium.ie nó www.crokepark.ie agus scríobh cuntas gairid ar staid amháin díobh.**

## Siri na Gaeilge

"Alexa, cén dáta é?"
"Siri, cuir fios ar an dochtúir."

Go luath beidh teicneolaíocht mar Alexa agus Siri ar fáil i nGaeilge. Le blianta beaga anuas tá abair.ie ag obair ar chóras sintéiseach cainte agus ní fada go mbeidh na canúintí Gaeilge ar fad ar fáil air. *Sibéal* a thugtar ar an nglór baineann a labhraíonn i gcanúint Chonnacht. Táthar ag obair anois ar chanúint Chorca Dhuibhne agus tá guth Dhomhnaill Mhic an tSíthigh roghnaithe di.

Cuirfidh 'Siri na Gaeilge' lúchair ar a lán daoine a mbíonn orthu cur suas faoi láthair le hAlexa agus Siri ag déanamh praiseach d'fhocail agus d'ainmneacha Gaeilge!




### Gluais

**sintéiseach** *synthetic*

### Obair agus Taighde!

- Ainmnigh príomhcchanúintí na Gaeilge.
- Téigh go leathanach baile www.abair.ie agus scríobh isteach do rogha abairte sa bhosca bán. Cliceáil ar na spotaí gorma do na canúintí éagsúla agus éist ar ais le d'abairt!
- Téigh go www.teanglann.ie. Scríobh isteach focal sa bhosca bán agus brúigh an eochair iontrála. Ansin cliceáil ar an mbosca 'Foghraíocht' atá ar dheis agus éist le do rogha focal sna canúintí éagsúla.

## Diarmaid, Laoch na hIomána




Shamhlaigh Diarmaid Byrnes go mbeadh sé deas gradam *All Stars* a bhuachan agus níorbh fhada gur thosaigh sé ag dul i dtaithí ar an maoineamh sin. Ach níor chreid sé ar dtús é, nuair a ainmníodh é mar *All Star* san iománaíocht agus thóg sé tamall air é a chreidiúint.

© Gael Linn

Nuair a bhuaigh sé gradam Iománaí na Bliana 2022 chuir an bua féin áthas an domhain air.

Is cúlaí cliatháin é Diarmaid le Luimneach agus lena chlub, Tobar Phádraig.

Bronntar na gradaim *All Stars* go bliantúil. Tugtar gradam amháin don imreoir is fearr i ngach ionad ar an bpáirc, cúig dhuine dhéag san iomlán. Sa bhliain 2022 roghnaíodh seachtar ó Luimneach don iománaíocht, ceathrar ó Chill Chainnigh, triúr ón gClár agus imreoir amháin ó Ghaillimh. Chomh maith leo sin, roghnaítear imreoir amháin mar Iománaí na Bliana (Diarmaid Byrnes 2022!) agus



mar Pheileadóir na Bliana (David Clifford 2022). Ó thosaigh bronnadh na ngradam tá gradam buaite ag míle imreoirí. Is é Henry Shefflin an t-imreoir leis an méid is mó – aon cheann déag!

## Gluais

**cúlaí cliatháin** *wing back*

## Fíor nó Bréagach

1 Imríonn Diarmaid Byrnes iománaíocht.
2 Ní raibh Diarmaid ag tnúth le gradam *All Stars* a bhuachan.
3 Is cúl báire é Diarmaid Byrnes.
4 Bhuaigh Diarmaid Byrnes agus David Clifford an duais chéanna.
5 Tá curiarracht na ngradam *All Stars* ag Henry Shefflin faoi láthair.

# An Rialta ab fhearr riamh!

Scéal mór dheireadh na bliana seo chaite ná bás Edson Arantes do Nascimento – nó Pelé, mar ab fhearr aithne air. Cailleadh é sa Bhrasaíl, a thír dhúchais, ar 29 Nollaig 2022 agus é dhá bhliain is ochtó d'aois. Deirtear gurbh é Pelé an t-imreoir sacair ab fhearr riamh mar gheall ar a chumhacht ciceála, a chruinneas, na cúil shuntasacha a scóráil sé – agus mar gheall ar a chumas gluaiseachtaí imreoirí eile a dhéanamh amach roimh ré.



Nuair a bhí Pelé cúig bliana déag d'aois thosaigh sé ag imirt don Chlub Santos. D'éirigh chomh maith leis gur earcaíodh é d'fhoireann náisiúnta na Brasaíle.

D'imir sé i gCorn an Domhain den chéad uair sa bhliain 1958, nuair a bhí sé seacht mbliana déag d'aois. Scóráil sé trí chúl sa chluiche leathcheannais in aghaidh na Fraince agus dhá chúl sa chluiche ceannais i gcoinne na Sualainne.

Bhronn rialtas na Brasaíle stádas seoid náisiúnta air chun é a choimeád sa tír, mar bhí an-suim ag foirne na hEorpa é a cheannach dóibh féin. D'imir Pelé arís don Bhrasaíl i gCorn an Domhain sna blianta 1962 and 1970.



Rinne sé obair ar son *UNICEF*, b'Aire Spóirt na Brasaíle é agus b'ambasadóir é sna Náisiúin Aontaithe don éiceolaíocht agus don timpeallacht.

Sa bhliain 1999 ainmníodh Pelé agus Diego Maradona mar comhimreoirí an chéid.


© Gael Linn

### Gluais

**earcaigh** *recruit* **An tSualainn** *Sweden*
**éiceolaíocht** *ecology*

## Taighde duit!

**Aimsigh an t-eolas thíos.**

| | Pelé | Diego Maradona |
|---|---|---|
| Dáta breithe | | |
| Áit bhreithe | | |
| Foirne | | |
| Ionad imeartha | | |
| Buanna | | |
| A aois nuair a fuair sé bás | | |
| Pointe amháin eile | | |

# Cló Gaelach ar shráideanna arís!

An bhfuil ainm d'áit chónaithe in airde as Gaeilge?

I mBaile Átha Cliath 8, tá athchóiriú agus athshuiteáil déanta ar sheanchomharthaí sráide atá sa chló Gaelach. Tá na comharthaí sin i ndathanna glas agus bán agus déanta as cruan – i gcodarsnacht le comharthaí nua-aimseartha atá gorm agus bán agus déanta as cruach.




Tá muintir na háite an-bhródúil as na comharthaí nua atá suite i Limistéar Caomhantais Ailtireachta.


Cuireadh na bunchomharthaí in airde fadó, timpeall na bliana 1924; agus bhí sé de chuspóir ag Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath iad a chaomhnú.

## Tasc duit!

Dear comhartha sa chló Gaelach d'ainm d'áit chónaithe féin.

### Gluais

**cruan** *enamel* **cruach** *steel*
**limistéar = ceantar**
**athchóiriú = athleagan** *renovation*
**athshuiteáil** *reinstalment*
**Limistéar Caomhantais Ailtireachta**
*Architectural Conservation Area*




# Cáisc shona!

Ceiliúrfar An Cháisc i mbliana ar 9 Aibreán. Athraíonn an dáta gach bliain.

Chun an dáta a shocrú roghnaítear an chéad Domhnach tar éis an chéad ghealach lán den Earrach.

Is lá saoire é i mórán tíortha. Tugtar Domhnach Cásca air agus ceiliúrtar aiséirí Íosa Críost ón marbh, de réir an Tiomna Nua.

Tugann Coinín na Cásca uibheacha seacláide nó bronntanas do pháistí ag an am seo den bhliain!

### Gluais

**ceiliúir** *celebrate*

## Fuascail na hanagraim seo!

*erioas* *ínnico*
*hhmocadn* *rsiíéai*
*ubu* *aacgleh*
*áalsdeci* *aíos tsoírc*

# Ard-Mhúsaem na hÉigipte

Táthar ag súil go nosclófar Ard-Mhúsaem na hÉigipte i gCaireo uair éigin i mbliana. Tá an músaem nua suite dhá chiliméadar ó na pirimidí cáiliúla – agus ceann de na músaeim is mó ar domhan a bheidh ann nuair a chríochnófar é.

© Gael Linn



I bhfad siar, sa bhliain 2003, bronnadh an conradh do dhearadh an mhúsaeim ar chomhlacht Heneghan Peng a bhfuil oifig acu i mBaile Átha Cliath. Bhunaigh an tÉireannach, Róisín Heneghan, an comhlacht tar éis di céim ailtireachta a bhaint amach sa Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath. Cuireadh moill mhór ar an tógáil de dheasca fadhbanna timpeallachta, fadhbanna polaitíochta agus ganntanas airgid san Éigipt, gan trácht ar an gcoróinvíreas. Go dtí seo, tá baint ag sé thír eile leis an dearadh agus ceaptar go gcosnóidh an tionscnamh billiún dollar, ar a laghad.

Sa bhliain 2018 aistríodh an chéad iarsma go dtí an láthair – dealbh de Ramses II atá 3200 bliain d'aois! Beidh os cionn 4000 iarsma ó thuama Rí Tutankhamun le feiceáil ann.

## Gluais

**dearadh** *design* **iarsma = taise** *relic*



## Obair duit!

- Breac síos trí phointe eolais faoin músaem nua.
- Déan taighde ar cheann amháin díobh seo.

*Na pirimidí*
*Ramses II*
*An Rí Tutankhamun*

# Slán le Jacqui Hurley

Rinne Jacqui Hurley cinneadh mór deacair le déanaí nuair a d'éirigh sí as mar láithreoir ar *Sunday Sport* RTÉ Raidió 1. Tá ceithre bliana déag




caite ag Jacqui ag obair ar an gclár, ach tá cothromaíocht oibre agus saoil níos fearr uaithi. Chaith sí tríocha deireadh seachtaine ag obair anuraidh. Leanfaidh sí ar aghaidh ag obair ar an teilifís, áfach.

Ba í Jacqui an chéad bhean a chuir clár *Sunday Sport* i láthair agus dúirt sí gur pribhléid mhór di é. "Mothóidh mé uaim an chraic leis an ngang ag na cluichí tráthnónta Domhnaigh," a dúirt sí.
Le linn a ré ar an gclár chuir sí nach mór seasca Cluiche Ceannais Éireann i láthair, chomh maith le cluichí móra idirnáisiúnta mar na Cluichí Oilimpeacha.

Cuirfidh Des Cahill an clár raidió i láthair as seo amach agus é ag fágáil a ról teilifíse ar an gclár *Sunday Game*.



## Ceisteanna

- Ar éist tú riamh le Jacqui Huley ar an raidió? Scríobh alt fúithi.
- An bhfaca tú í mar láithreoir ar an teilifís? Scríobh alt faoi sin.
- An mbeadh suim agat a bheith i do láithreoir? Mínigh na fáthanna.
- Cad a chiallaíonn 'cothromaíocht oibre is saoil' duitse?


© Gael Linn

# Taylor Swift



Is ag taisteal sna Stáit Aontaithe a bheidh Taylor Swift agus tusa ag léamh *Splanc 3*! Tá mórán albam eisithe aici ón mbliain 2017 – agus is é *The Eras Tour* ainm na camchuairte seo.

Tá sceideal fíorgnóthach ag Taylor. Beidh sí ar an stáitse in Arizona agus Las Vegas i Mí an Mhárta, in Florida, Texas agus Atlanta i Mí Aibreáin, in Philadelphia i Mí na Bealtaine, Chicago i Mí an Mheithimh agus Seattle i Mí Iúil. Beidh an ghig dheireanach aici in Los Angeles i Mí Lúnasa. Gach seans go mbeidh gigeanna aici san Eoraip ag pointe éigin freisin!

Cuireadh ticéid do na ceolchoirmeacha ar fáil i Mí na Samhna anuraidh agus ceannaíodh 2.4 milliún ticéad ar an gcéad lá! Ach tharla conspóid uafásach nuair a theip ar shuíomh idirlín *Ticketmaster* de bharr go raibh 14 milliún daoine ag lorg ticéad. Ghabh *Ticketmaster* leithscéal le Swift faoi na fadhbanna teicneolaíochta.

## Ceisteanna

- Ar mhaith leat dul chuig ceolchoirm de chuid Taylor Swift? Cad chuige?
- Cén láthair i Meirceá a roghnófá? Tabhair dhá chúis le do fhreagra.
- An dtaitníonn a cuid amhrán leat? Ainmnigh cúpla ceann a thaitníonn leat.

# Turasóirí á mealladh go hÉirinn



Tá €78 milliún euro caite ag Turasóireacht Éireann Teoranta i bhfeachtas nua chun turasóirí a mhealladh chun na tíre i mbliana. Sna fógraí nua feictear Sharon Horgan ón tsraith theilifíse *Bad Sisters* agus beirt ón gclár *Derry Girls* – Saoirse Jackson agus Jamie-Lee O'Donnell – ag moladh na tíre agus muintir na tíre.

Ag tosú ar Lá Fhéile Pádraig, craolfar na fógraí sna Stáit Aontaithe, sa Bhreatain, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc. Ina dhiaidh sin craolfar ar fud an domhain iad.

Sa bhliain 2019 tháinig 11.3 milliún turasóirí go hÉirinn agus tá Turasóiracht Éireann ag obair go dian chun cuairteoirí a mhealladh chun na tíre tar éis titim sa tionscal mar gheall ar shrianta *Covid 19*.

## Freagair na ceisteanna seo.

- Aimsigh fógra de chuid Turasóiracht Éireann Teoranta agus tabhair do thuairim faoi.
- Cén fáth a dtagann turasóirí go hÉirinn, dar leat féin?
- Cuir fógra le chéile ag mealladh turasóirí go dtí do cheantar.

## Comhghairdeas, a bhuachaillí!

Bhain beirt bhuachaillí ó Scoil na Mainistreach, Tiobraid Árann an chéad duais amach ag Comórtas BT d'Eolaithe Óga a bhí ar siúl ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, Droichead na Dothra i mí Eanáir.

Is daltaí Ardteiste iad Shane Ó Conchúir agus Liam Carew a rinne taighde ar an éifeacht a bhíonn ag oideachas dara leibhéil ar fhorbairt déagóirí. Bhí suim faoi leith acu i dtábhacht ghníomhaíocht an choirp agus sa tionchar a bhíonn aici ar mheabhairshláinte agus ar chaidreamh sóisialta. Chruthaigh siad go mbíonn tionchar dearfach ag an oideachas scoile ar dhaltaí.

Le trí bliana anuas chuir siad agallamh ar 2,500 daltía agus choimeád siad súil ar a ndul chun chinn. Bhuaigh siad trófaí agus seic €7500! Rachaidh siad ar aghaidh go dtí Comórtas na hEorpa d'Eolaithe Óga a bheidh ar siúl sa Bheilg i Mí Mheán Fómhair.

## Freagair na ceisteanna seo.

- An bhfuil suim agat san eolaíocht? Scríobh alt gairid mar fhreagra.
- Cad é an turgnamh eolaíochta is mó a thaitin leat sa mheánscoil?
- An bhfuil meas faoi leith agat ar aon eolaí? Cén fáth?

**turgnamh = tástáil** *experiment*

© Gael Linn

# Freagraí

## Cúinne na Gramadaí

**Ceacht 1**

**Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní.**

1 Léim Éabha in airde ar an **gc**athaoir.
2 Rith Conn chuig an **bp**ictiúrlann.
3 Tharla an timpiste i **mB**aile na hInse.
4 Nach **bh**faca tú an traein ag teacht inné a Gharib?
5 Bhí ár **gc**arr faoi ghlas nuair a rinneadh an ghadaíocht.
6 Cloisim nach **n-a**ithníonn siad aon duine dá **gc**airde anois.
7 Labhair mé le bhur **n-a**intín ar an **mb**us inné.
8 Thug ár **m**úinteoir ár **n**-obair bhaile dúinn ag deireadh an ranga.
9 Chaith Harry fiche euro ar an **ng**eansaí peile nua inné.

**Ceacht 2**

**Athscríobh na habairtí seo thíos agus athraigh na focail sna lúibíní más gá.**

1 Léim Leo agus Lottie as **a gc**raicne nuair a chuala siad guth an phríomhoide.
2 Chuaigh Pól céim amháin chun tosaigh agus dhá chéim **ar gc**úl. (Seiceáil an ceann seo i d'fhoclóir!)
3 D'fhág Nicole a cóta ar an **gc**athaoir, ach d'fhág Céala agus Bernie a **gc**ótaí ar an **mb**ord.
4 Caithfimid **ár nd**ícheall a dhéanamh sula **dt**agann Diarmaid.
5 Tá cónaí ar Chiarán **i nG**aillimh agus tá cónaí ar Ruby **i dT**ír Chonaill.


## Déagóir airdeallach!




## Boirinn – Áit faoi leith!




## Éacht Damien!




## Saoire Eachtraíochta




## Citizen Kane




## Tráth na gCeist

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | Colm Cooper | 6 | Belieber |
| 2 | An tSualainn | 7 | 360 |
| 3 | Buíocán | 8 | Fíor |
| 4 | Níl | 9 | Páras |
| 5 | Saol amháin (Go hoifigiúil!) | 10 | Broc |

## Marcach! Rinceoir! Cóitseálaí!




© Gael Linn